Comhairle Chontae Dhún na nGall

# Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2012-2018



## Aguisín A
## Creatchórais Bailte

Meitheamh 2012

## Clár

**Leathanach**

Réamhrá 1

Tuairisc téacs i ndáil le Bailte d'Aicme 2 3-15

Tuairisc téacs i ndáil le Bailte d'Aicme 3 16-47

Beartais Ghinearálta maidir le Creathchórais Bailte

## Liosta na mBailte

### Bailte d'Aicme 2:

| Uimhir na léarscáile | Baile |
|---|---|
| 1 | Bealach Féich/Srath an Urláir |
| 2 | Ceann an Droichid |
| 3 | Carn Domhnach |
| 4 | Baile Dhún na nGall |
| 5 | An Clochán Liath |

### Bailte d'Aicme 3:

| Uimhir na léarscáile | Baile |
|---|---|
| 6 | Ard an Rátha |
| 7 | An Bun Beag - Doirí Beaga |
| 8 | Conmhaigh |
| 9 | An Craoslach |
| 10 | Dún Fionnachaidh |
| 11 | An Fál Carrach |
| 12 | Na Gleannta |
| 13 | Leifear |
| 14 | Mainéar Uí Chuinneagáin |
| 15 | Baile na nGallóglach |
| 16 | Tamhnach an tSalainn |
| 17 | Bun an Phobail |
| 18 | Magh |
| 19 | An Baile Nua |
| 20 | Ráth Mealtain |
| 21 | Ráth Bhoth |

## Bailte d'Aicme 4

| Uimhir na Léarscáile | Baile |
|---|---|
| 22 | Anagaire |
| 23 | Baile an tSratha |
| 24 | Baile Lifín |
| 25 | An Bhroclais |
| 26 | Bun na hAbhann |
| 27 | Ailt an Chorráin |
| 28 | An Charraig |
| 29 | An Carraigín |
| 30 | Carraig Airt |
| 31 | Caisleán na Finne |
| 32 | Cluain Maine |
| 33 | Cúil Dabhcha |
| 34 | An Dúchoraidh |
| 35 | Na Dúnaibh |
| 36 | Dún Cionnaola |
| 37 | Fathain |
| 38 | Baile na Finne |
| 39 | Na Frosa |
| 40 | Gleann Daoile |
| 41 | Gleann Cholm Cille |
| 42 | Gort an Choirce |
| 43 | An Caisleán Nua |
| 44 | An Cheathrú Chaol |
| 45 | Cill Charthaigh |
| 46 | Cill Fhéich |
| 47 | Cúil na gCuirridín |
| 48 | Cill Mhic Réanáin |
| 49 | Laghey |
| 50 | Loch an Iúir |
| 51 | Málainn |
| 52 | Paiteagó |
| 53 | Port an tSalainn |
| 54 | Rinn Uí Choigligh |
| 55 | Ráth Maoláin |
| 56 | Ros Neamhlach |
| 57 | St Johnston |

# Réamhrá

Tá Creatchóras Baile san aguisín seo maidir le gach baile a luaitear sa Chuntas ar Aicmí Bailte gan Aicme 5 (Caibidil 2, Croí-Straitéis an tagairt) a thabhairt san áireamh. Is é atá sa cháipéis seo:

(1) I gcás na mbailte in Aicme 2 & Aicme 3: Tuairisc téacs i ndáil le gach baile agus léarscáil a ghabhann leis sin.

(2) I gcás aicme 4: Tuairisc téacs ilchuimsitheach maidir leis na bailte ar fad in aicme 4 mar aon le léarscáileanna a ghabhann leis sin (léarscáil i ndáil le gach baile).

**NB: Níl Creatchóras Baile á ullmhú i ndáil le Leitir Ceanainn, Bun Crannacha ná Bun Dobhráin ó tharla Plean Forbartha dá gcuid féin ar fáil maidir leis na bailte sin, arna n-ullmhú i gcomhar ag an gComhairle Baile agus ag Comhairle Chontae Dhún na nGall.**

Tá an cháipéis leagtha amach sa chaoi agus go dtugtar na tuairiscí téacs ar fad sa chéad chuid agus go bhuil na léarscáileanna sa dara cuid den cháipéis. Is é ord atá á chur ar an ábhar, bailte den aicme amháin a lua i ndiaidh a chéile sula luaitear bailte den chéad aicme eile.

Tugann an téacs scríofa eolas maidir le soláthar aonad cónaitheacha trí réadmhaoin fholamh atá ann cheana féin agus trí cheadanna pleanála beo nach bhfuil tógtha go fóill. I gcás folúntais, foinsítear an t-eolas ó gheo-eolaire An Post 2010 agus i gcás ceadanna pleanála beo, is é an fhoinse Comhairle Contae Dhún na nGall i mí Eanáir 2011.

Ar mhaithe le soiléire, is mar seo a leanas a rangaítear na bailte sna haicmí éagsúla agus a shonraítear iad sa Chroí-Straitéis:

| Aicme | Teideal | Suíomh |
|---|---|---|
| 1 | Geatabhealach | Leitir Ceanainn |
| 2 | Bailte Tacaíochta Straitéiseacha | Bun Crannacha & an ceantar máguaird, Bealach Féich - Srath an Urláir, Béal Átha Seanaidh & an ceantar máguaird, Bun Dobhráin, Na Cealla Beaga, An Clochán Liath, Ceann an Droichid, Baile Dhún na nGall, Carn Domhnach |
| 3 | Bailte agus Sráidbhailte Tréana | Leifear, Bun an Phobail, An Bun Beag- Doirí Beaga, Conmhaigh, Ráth Mealtain, Ráth Bhoth, An Baile Nua, Mainéar Uí Chuinneagáin, Magh, An Fál Carrach, Milford, Na Gleannta, Ard an Rátha, Tamhnach an tSalainn, An Craoslach, Dún Fionnachaidh |
| 4 | Sráidbhailte Beaga | St Johnston, Cill Mhic Réanáin, Caisleán na Finne, Ros Neamhlach, Cill Fhéich, An Caisleán Nua, Ráth Maoláin, Cluain Maine, Fathain, Bun na hAbhann, Dún Cionnaola, Cúil na gCuirridín, Baile Lifín, An Cheathrú Chaol, Paiteagó, Ailt an Chorráin, An Charraig, Carraig Airt, Rinn Uí Choigligh, Cill Charthaigh, Anagaire, Baile an tSratha, Na Frosa, An Carraigín, Laghy, Gleneely, Cúil Dabhcha, Gort an Choirce, Baile na Finne, An Dúchoraidh, Málainn, Na Dúnaibh, Port an tSalainn, Loch an Iúir, Gleann Cholm Cille, An Bhroclais |

| | | |
|---|---|---|
| 5 | Ceantar Tuaithe | CEANTAR TUAITHE agus:<br>An Fhearthain - Port Nua, Gleann Gad, Port na Bláiche, Machaire Rabhartaigh, Rann na Feirste, Mullach Dubh, Carraig Mhic Uidhilín, Halla an Phoirt, Málainn Mhóir, Inbhear, Baile an Droichid, Tieveban, Mín an Lábáin, Croithlí, Teileann, An Tearmann, Leitir Mhic an Bhaird, Dún Lúiche, An Clochán Beag, An Machaire, Ardachadh - Cranny, Cionn Caslach, Mín an Aoire, Lios Cúile, Málainn Bheag, An Inis, Ceathrú Meánach, Droim Eochaille, An Caiseal Ard, An Gleann, Baile an Droichid, Droim Fraoigh, Dún na Lúb, Cill Ó mBaird, Ros na Cille, Tamney, Cloch Óir, Uisce Chaoin, Creamhghort, Gleann Bhairr, An Machaire, Droim Caoin |

# Bailte d'Aicme 2
# (Bailte Tacaíochta Straitéiseacha):

# Bealach Féich-Srath an Urláir

| | |
|---|---|
| **Baile** | **Bealach Féich-Srath an Urláir** |
| **Aicme** | **2** |
| **Cur Síos sa Chuntas ar Aicmí Bailte** | **Baile Tacaíochta Straitéiseach** |
| **Uimhir Thagartha na léarscáile** | **1** |

## Comhthéacs

Tá an dá leathbhaile Bealach Féich agus Srath an Urláir ar a dtógáil le chéile ar an 3ú ionad uirbeach is mó i nDún na nGall le daonra de 4176 duine (Daonáireamh 2006). Tá Bealach Féich / Srath an Urláir suite go straitéiseach i gcúlchríoch tréan tuaithe i gcroílár Ghleann na Finne agus ag pointe buntábhachta ar Shlí Iompair Thuaidh Theas an N15/N13 (cuid de Shlí an Atlantaigh níos ginearálta ná sin). Tá na bailte ar an ionad is tábhachtaí i nGleann na Finne maidir le cúrsaí miondíolacháin, tráchtála, sóisialta agus taitneamhachta. Tá cuid shuntasach spáis urláir miondíolacháin sna bailte, (an siopa miondíolacháin suntasach McElhinney Stores san áireamh), áiseanna spóirt aitheanta, mar shampla Páirc Mhic Cumhaill agus Páirc na Finne, chomh maith le hionaid shóisialta agus chultúir de leithéid Amharclann Bhaloir.

Tharla forás suntasach maidir le hárais cónaithe agus daonra i mBealach Féich/Srath an Urláir le deich mbliana anuas nuair a rinneadh roinnt eastát cónaithe a thógáil agus le hardú 16% ar an daonra (ó 3603 duine go 4176 duine). Anuas air sin tá 132 aonad folamh ann agus cead pleanála tugtha i leith 368 aonad cónaithe nach bhfuil tógtha go fóill. Dá ndéanfaí na haonaid fholmha agus na haonaid cheadaithe sin a thógáil agus cónaí a dhéanamh iontu ar ráta 2.87 duine in aghaidh an árais, dhéanfaí soláthar leo d'ardú 1435 duine ar an daonra.

Forbairt de chineál an líne go ginearálta atá le sonrú i mBealach Féich/Srath an Urláir agus an fhorbairt sínte le hais lena mbaineann an Phríomhshráid i mBealach Féich agus Príomhshráid Shrath an Urláir araon. Cé go bhfuil roinnt forbartha cónaithe leis na príomhshráideanna i mBealach Féich/ Srath an Urláir agus i gcóngar na bpríomhshráideanna, tá an chuid is mó den fhorbairt chónaithe suite ar bhealach neamhrialta ar na bóithre isteach chuig na bailte agus cuid mhór den fhorbairt suite achar maith ó lár an bhaile mhóir. Tá lár an bhaile mhóir féin suite den chuid is mó le príomhshráideanna an dá bhaile, dreach na sráide tréan go maith agus cuma réasúnta néata fanta air go fóill. Tá tairbhe ag an mbaile freisin as acmhainní timpeallachta buntábhachtacha, mar shampla an Fhinn agus an tuilemhá a ghabhann léi, agus na coillte atá suite thart ar Dhroim Bó agus ar Dhún Mhaoile.

Ó thaobh cúrsaí infreastruchtúir is iad Príomhbhealaí Náisiúnta an N15 agus an N14 agus Bóthar Réigiúnach an R252 idir Bealach Féich agus Gleannta is mó a dhéanann freastal ar an mbaile seo. Tá 3 cinn de bhunscoileanna agus 2 scoil dara leibhéal ar an mbaile le daonra daltaí ar fud na scoileanna ar fad is ionann le 553 agus 1130 ag gach leibhéal faoi seach. San ionad cóireála dramhuisce bardasach atá suite siar ó dheas de lár an bhaile i Srath an Urláir a dhéantar cóireáil ar ábhar eisilteach do na bailte. Ina ainneoin sin, níl dóthain acmhainne san ionad cóireála chun freastal ar an ualach daonra a leagtar air faoi láthair is ionann agus 5592 agus níl aon phlean faoi láthair ann feabhas a chur ar an ionad sin ná ciste curtha ina leith. Is trí sholáthar uisce Loch Moirne a chuirtear uisce ar fáil.

## Deiseanna agus ceisteanna eile

I bhfianaise na bpátrún forbartha thuasluaite agus an leibhéal infreastruchtúir atá ar fáil, tá roinnt ceisteanna agus deiseanna le sonrú maidir le cúrsaí pleanála agus forbartha:

- Cur le beocht socheacnamaíochta agus cáilíocht aesteitice lár an bhaile trí dhíriú ar fhorbairt nua miondíolacháin agus tráchtála taobh istigh de cheantar lár baile sainiúil agus critéir sonracha a chur i bhfeidhm maidir le cúrsaí dearúcháin.

- Mais chriticiúil a thabhairt chun cinn maidir leis an daonra, bunaithe ar dháiliúchán tithíochta 347 aonad cónaithe (anuas ar a bhfuil ceadaithe d'aonaid cónaithe) d'fhonn beocht sóisialta agus eacnamaíochta an bhaile a choinneáil agus barainneacht scála a thabhairt i gcrích maidir le hinfreastruchtúr poiblí buntábhachtach (e.g. infreastruchtúr uisce agus dramhuisce, córas iompair poiblí, etc.) a chur ar fáil, trí oiread inbhuanaithe d'fhorbairt chónaithe nua a cheadú.

- Feabhas a chur ar chúrsaí áisiúlachta trí chuma dhlúth uirbeach a chruthú, forbairt chónaithe a shuíomh i bhfoisceacht siúlóide de na na seirbhísí tábhachtacha miondíolacháin, tráchtála agus pobail agus *vice versa* agus bealaí ceangail do choisithe, rothaithe agus lucht tiomána mar atá agus mar a bheidh ar fáil san am atá le theacht a chosaint.

- Soláthar a dhéanamh do cheangal straitéiseach iompair tríd an mbealach atá beartaithe don N15 Bealach Féich/Srath an Urláir agus bóithre a ghabhann leis sin a chosaint.

- Athnuachan eacnamaíochta agus deiseanna fostaíochta a éascú trína chinntiú go gcuirtear dóthain tailte ar fáil d'fhorbairt thráchtála in ionaid áisiúla le seirbhísí.

- Caighdeán an uisce a choinneáil agus a fheabhsú agus cinntiú go bhfuil acmhainn dóthaineach ann don chóireáil eisiltigh bardasach i ndáil leis an bhforbairt go dtí seo agus le forbairt nua agus acmhainn cóireála breise a chur ar fáil nuair a bhíonn sin de dhíth.

- Cuidiú leis an soláthar oideachais trí thailte atá suite go straitéiseach a choinneáil le haghaidh síneadh a chur as scoileanna atá ann cheana féin nó scoileanna nua a chur ar fáil.

- Taitneamhacht timpeallachta agus radharcanna an bhaile a chosaint trína chinntiú go ndéantar soláthar le forbairt nua do ghnéithe taitneamhachta tábhachtacha na timpeallachta a choinneáil (e.g. coillearnach, slite abhann etc) agus tailte a bheadh i mbaol ó thaobh radharcanna a chosaint ar fhorbairt mí-oiriúnach.

## Beartas

Breithneofar tograí forbartha i gcomhthéacs gach beartas bainteach atá taobh istigh den phlean forbartha chomh maith le gach breithniú ábhartha pleanála i gcomhthéacs pheanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair, agus treorach beartais ábharach Réigiúnach agus Náisiúnta. Anuas air sin, beidh feidhm leis na beartais shonracha seo a leanas chomh maith:

1. Ní cheadófar tograí forbartha taobh istigh den bhealach atá coinnithe de leataobh don nascbhóthar maidir le Seachbhóthar Bhealach Féich/Shrath an Urláir agus na bóithre a bhaineann leis sin a fhágann bealach isteach go dtí é, ná de na tailte a thagann faoi réir an ordaithe a bhaineann leis maidir le ceannach éigeantach ná i bhfoisceacht 50 méadar d'imeall an bhóthair atá beartaithe don seachbhóthar.

2. Ní cheadófar tograí forbartha in áit a mblocálfaí na bóithre ceangail a shonraítear sa chreatchóras baile a théann leis seo, san áit a gcúngófaí ar an spás dóibh sin ná san áit a mbeidís ina mbac ar na bóithre sin a chur isteach.

3. Ní cheadófar tograí forbartha ar thailte a bhfuil criosú déanta orthu i ndáil le cúrsaí oideachais ach amháin sa chás go ndéantar soláthar leo d'áiseanna oideachais agus don infreastruchtúr a théann leo agus dó sin amháin.

4. Ní cheadófar tograí forbartha san áit ar dóigh leis an Údarás Pleanála go mbeadh cur isteach uathu ar Limistéar Caomhantais Speisialta na Finne.

# Ceann an Droichid

| Baile | Ceann an Droichid |
|---|---|
| Aicme | 2 |
| Cur Síos sa Chuntas ar Aicmí Bailte | Baile Tacaíochta Straitéiseach |
| Uimhir Thagartha na léarscáile | 2 |

## Comhthéacs

Tá Ceann an Droichid suite in aice na teorann le Tuaisceart Éireann agus ról straitéiseach trasteorann leis an mbaile. Cuirtear gníomhaíochtaí eacnamaíochta trasteorann ar mheánscála ar fáil sa bhaile faoi láthair ach fágann an suíomh straitéiseach leis an tslí eacnamaíochta idir Leitir Ceanainn agus Doire, chomh maith le ceangal iompair maith le haerfort Chathair Dhoire agus calafort Lios an Chalaidh (atá níos áisiúla le tamall anuas ó osclaíodh nascbhóthar Skeoge, deiseanna tábhachtacha ar fáil chun forás straitéiseach eacnamaíochta ar na mbaile a chur chun cinn. Cuirtear bonn taca eile faoi na deiseanna sin trí Thogra Kelvin a bheith ar bun.

Is í an bhéim a bhaineann leis an gCreatchóras Baile seo dá bhrí sin deiseanna eacnamaíochta a chothú agus a bonn treise a chur fúthu agus go háirithe cur chuige an chomhair a ghlacadh i gcúrsaí trasteorann. Beidh comhordú i gceist leis sin ar infheistíocht maidir le hinfreastruchtúr buntábhachtach, beartais pleanála a thabhairt le chéile agus a oibriú in éineacht agus cur chuige an chomhair maidir leis an bhforbairt ar an cheantar trasteorann seo ionas go mbíonn tairbhe as ar an dá thaobh.

Tá de chuspóir ag an gComhairle feabhsúchán infreastruchtúir a thabhairt i gcrích ar an mbealach is éifeachtúla agus is féidir chun freastal don fhorás faoi láthair agus don fhorás san am atá le theacht, lena n-áirítear cóireáil Dramhuisce agus socruithe cuí don bhealach isteach ionas go n-osclaítear suas na tailte do pháirc mhór gnó ar bhealach atá sábháilte agus sásúil.

## Deiseanna agus ceisteanna eile

I bhfianaise suíomh ar an teorainn agus na deiseanna a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíochta mórshuntais, is é tuairim na Comhairle gur den riachtanas creatchóras pleanála oiriúnach a chur ar fáil maidir le réimsí atá ag síneadh leis an teorainn agus gurb é sin leas an Chontae. Is é an gnáthnós pleanála taobhú le cur chuige lena gcinntítear crios maolánach le bailte ionas go seachnaítear cumasc idir dhá cheantar uirbeach. Ina ainneoin sin, meastar sa chás seo go bhfuil forbairt suas go dtí an teorainn le Cathair Dhoire ina léiriú tábhachtach ar chomhordúchán trasteorann agus ar phróiseas na síochána agus an athmhuintearais. Beidh an Chomhairle go háirithe ag tacú le forbairt ar pháirc ghnó trasteorainn d'úsáid thionsclaíochta agus oifige ar bhealach a thagann leis na pleananna atá á dtabhairt chun cinn d'fhorbairt den chineál céanna ar thaobh Thuaisceart Éireann den teorainn, faoi réir ag na gnáthchoinníollacha pleanála ar fad. Mar gheall ar fhairsinge na dtailte ar an taobh thoir den bhaile suas go dtí an Teorainn táthar ag moladh cur chuige le Máistirphlean ina sonraítear tograí don réimse talún ar fad ionas go gcuirtear stop le forbairt gan leanúnachas agus ionas go gcinntítear socruithe maidir le bealach isteach sábháilte.

Maidir le haon bhorradh faoin daonra, ní fheictear don Chomhairle go mbeidh réimse suntasach talún á chur ar fáil le haghaidh fhorbairt chónaithe agus, dá réir sin, cuireadh srian le criosú i ndáil le forbairt chónaithe mar a leagtar amach ar Léarscáil Creatchórais an Bhaile (Léascáil Uimhir 3) sa dara cuid den aguisín seo.

Tarraingítear aird ar roinnt nithe mórthábhachta eile anseo síos ach níl i gceist gur liosta ilchuimsitheach atá ann ó thaobh eolais, ábhar srianta ná ábhar deise:

- Infheistíocht i gcóras cóireála dramhuisce ag brath ar chomhchiste an lucht forbartha.
- Limistéar Speisialta Caomhnaithe Loch Súilí (002887), Limistéar Speisialta Cosanta Loch Súilí (004075), Limistéar Oidhreachta Náisiúnta Loch Súilí ag cuimsiú Big Isle, Blanket Nook & Inch Lake (000166) a bheith ann.
- Tá stádas dobharlaigh abhann atá 'go dona' sonraithe sa Phlean Bainistíochta Abhantraigh.
- Tá pointí tuilte sonraithe.
- Ritheann an Príomhbhealach Náisiúnta tríd an mbaile. Féachfaidh an Chomhairle le feabhsúchán a chinntiú ó thaobh acmhainn iompair agus cúrsaí sábháilteachta agus le forbairt san am atá le theacht a thabhairt i gcrích ar bhealach a fhágann gur beag áit eile a mbíonn bealach isteach ar an bpríomhbhealach de dhíth.

## Beartas

Breithneofar tograí forbartha gcomhthéacs gach beartas bainteach atá taobh istigh den phlean forbartha chomh maith le gach breithniú ábhartha pleanála i gcomhthéacs pheanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair, agus ainmnithe beartais ábharach Réigiúnach agus Náisiúnta. Anuas air sin, beidh feidhm leis na beartais sonracha seo a leanas chomh maith:

1. Tograí ar bith ar thailte a shainítear a bheith i gcrios cónaithe, ní mór dlús timpeall 12 aonad in aghaidh an heicteáir á léiriú ina leith.
2. Maidir le Suíomhanna Deise 1, 2 agus 3:
    a) Spreagfaidh an Chomhairle cainteanna agus glacfar páirt i gcainteanna chun na suíomhanna a thabhairt ar aghaidh, go háirithe maidir le páirc thionsclaíochta nó páirc ghnó a thabhairt chun cinn.
    b) Tabharfar cead bealach isteach chuig an suíomh a lonnú san áit nach gcuirtear isteach ar chúrsaí sábháilteachta ná ar shaoirse tráchta ar an bpríomhbhealach náisiúnta leis an trácht atá ag casadh isteach ag an suíomh agus ní féidir contúirt a chruthú do shábháilteacht an phobail mar gheall ar ghuais tiomána.
    c) Cuirfear tuairisc faoi éilliúchán talún, ina ndéantar an truailliú a d'fhéadfadh tarlú ar shuíomh a mheas, faoi bhráid le haon iarratas a dhéantar ar chead pleanála agus leagfar amach ann na bearta leasúcháin atá le déanamh.
    d) Clár oibre forleitheadach plandála maidir leis na suíomhanna go léir le cur i gcrích d'fhonn maolú ar an gcur isteach a bheadh uathu sa bhaile suntasach trasteorann seo ar an teorainn.

# Carn Domhnach

| | |
|---|---|
| **Baile** | **Carn Domhnach** |
| **Aicme** | **2** |
| **Cur Síos sa Chuntas ar Aicmí Bailte** | **Baile Tacaíochta Straitéiseach** |
| **Uimhir Thagartha na Léarscáile** | **3** |

## Comhthéacs

Is baile réigiúnach Carn Domhnach atá suite i lár Thuaisceart Inis Eoghain, sna gleannta ina ritheann Abhainn Ghleann Ó gCanainn agus Abhainn Dhomhnach. Is é an dara baile is mó é ar an leithinis, tar éis Bhun Cranncha. Tá Carn Domhnach tagtha chun cinn mar ionad seirbhíse agus fostaíochta buntábhachta sa cheantar agus síneann an cúlchríoch tuaithe chomh fada leis na bailte agus na sráidbhailte seo a leanas: Baile Lifín, Cluain Maine, Cúil Dabhcha, Gleann Daoile, Gleann Gad, Cionn Mhálanna, Málainn agus Ráth Sionnaigh.

Le deich mbliana anuas, ta forás tréan tagtha ar an mbaile ó thaobh cónaí agus earnáil na tráchtála (d'ardaigh an daonra ó 1,673 go 1,923, ardú 14.9%). Faoi láthair tá 1,026 áras cónaithe críochnaithe ar an mbaile agus 43 árasán sa bhreis air sin. Tá 39 aonad folamh ar an mbaile.

Ina ainneoin sin, níor tharla infheistíocht den chineál céanna i lár an bhaile ná sa Diamanta agus tá aonaid thréigthe agus aonaid fholmha ansin agus aonaid a ndearnadh neamhaird díobh. Féachfar leis sin a thabhairt ar na gcothrom leis an gCreatchóras Baile seo agus béim á leagan ar athnuachan agus athfhorbairt na gceantar uirbeacha lárnacha ar an mbaile sa chaoi agus go seachnaítear forbairt amhantrach taobh amuigh den bhaile.

## Deiseanna agus ceisteanna eile

Fágann saoráidí Cóireála Dramhuisce nua (a bhfuil d'acmhainn leo freastal ar chomhionann 4637 duine) a thabhairt chun críche le gairid do Charn Domhnach agus do Mhálainn deiseanna suntasacha foráis ar fáil go fadtéarmach. Ó thaobh ardú ar an daonra, tá timpeall is 10 Heicteáir sonraithe ag an gComhairle maidir le húsáid d'fhorbairt chónaithe i rith tréimhse an Phlean.

Tarraingítear aird ar roinnt nithe mórthábhachta eile anseo síos ach níl i gceist gur liosta ilchuimsitheach atá ann ó thaobh eolais, ábhar srianta ná ábhar deise:

- Tá 6 cinn d'iarratais ar chead pleanála istigh faoi láthair a bhféadfadh suas le 160 aonad nua tithíochta sa bhreis a bheith i gceist leo. Chomh maith leo sin, is cosúil go bhfuil 39 aonad folamh ar an mbaile.
- Limistéar Oidhreachta Náisiúnta beartaithe, Limistéar Caomhantais Speisialta agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta suite ó thuaidh den Bhaile ag Bá na Trá Bige.
- Tá uiscíoch mór ag síneadh ón gcuid thuaidh den bhaile go Bá na Trá Bige atá ainmnithe mar uisce iasc sliogáin.
- Sonraítear sa Phlean Bainistíochta Abhantraigh stádas dobharlaigh abhann a bheith 'go dona' in Abhainn Dhomhnach agus stádas 'Measartha' ag baint le hAbhainn Ghleann Ó gCanainn.

- Tá pointe tuilte ag droichead Tul na Ree.
- Fágann eastáit tithíochta atá gan críochnú agus leibhéal ard maidir le haonaid tithíochta atá folamh i lár an bhaile ar an mbaile chomh maith meath agus tréigean uirbeach sa cheantar sin.
- Tá 314 dalta ar fad ag freastal ar na trí bhunscoil agus 1,513 dalta ag freastal ar an scoil dara leibhéal. Tá ospidéal/ionad sláinte ar an mbaile chomh maith.

## Beartas

Breithneofar tograí forbartha gcomhthéacs gach beartas bainteach atá taobh istigh den phlean forbartha chomh maith le gach breithniú ábhartha pleanála i gcomhthéacs pheanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair, agus ainmnithe beartais ábharach Réigiúnach agus Náisiúnta. Anuas air sin, beidh feidhm leis na beartais shonracha seo a leanas chomh maith:

1. Is é an príomhbheartas maidir le Carn Domhnach athbheochan a dhéanamh ar an réimse i ngar do lár an bhaile trí bhríomhaireacht agus inmharthanacht na háite a thabhairt ar ais, arna chinntiú go mbíonn an réimse sin i gcónaí mar lárionad miondíolacháin taobh istigh den bhaile agus go mbíonn réimse éagsúil gnólachtaí agus seirbhísí gairmiúla suite ann. Tá roinnt deiseanna ann athfhorbairt a dhéanamh nó oscailt a dhéanamh ar thalamh níos faide siar ionas gur féidir forbairt a dhéanamh díreach taobh thiar de dhreach na sráide, mar shampla, Suíomh na Marglainne, láithreáin dhearga agus áitribh fholmha.
2. Tograí ar bith ar thailte a shainítear a bheith i gcrios cónaithe, ní mór dlús timpeall 12 aonad in aghaidh an heicteáir á léiriú ina leith.
3. Forbairt a dhéanamh ar Chnoc na Beairice d'fhonn páirc phoiblí a chur ar fáil
4. Leathnú a dhéanamh ar an Chuarbhóthar an L 123-1 siar ó dheas ón mbaile, d'fhonn bóthar faoisimh seachtrach a chur ar fáil agus an plódú tráchta i lár an bhaile a mhaolú.

# Baile Dhún na nGall

| | |
|---|---|
| **Baile** | **Baile Dhún na nGall** |
| **Aicme** | **2** |
| **Cur Síos sa Chuntas ar Aicmí Bailte** | **Baile Tacaíochta Straitéiseach** |
| **Uimhir Thagartha na Léarscáile** | **4** |

## Comhthéacs

Tá Baile Dhún na nGall, le daonra 2339 duine (Daonáireamh 2006), ar an gcúigiú baile is mó daonra i nDún na nGall agus ar an ionad uirbeach is mó i ndeisceart an chontae. Tá an baile suite go straitéiseach ag ceann Bhá Dhún na nGall ag pointe tábhachtach ar Shlí Iompair Thuaidh Theas an N15 (cuid de Shlí an Atlantaigh níos ginearálta ná sin) san áit a dtagann sin le Príomhbhealach Náisiúnta an N56 a dhéanann freastal ar iarthar an chontae. Tá an baile ar an bpríomhionad miondíolacháin, tráchtála, sóisialta agus fóillíochta i ndeisceart an chontae agus tarraingítear líon suntasach turasóirí ann ar bhonn séasúrach.

Ní hionann agus ionaid uirbeacha eile sa chontae, níor tharla, de réir fhigiúirí an daonáirimh, an forás suntasach ó thaobh líon na ndaoine atá ina gcónaí ann i mBaile Dhún na nGall agus tháinig ísliú faoi 5% ar an daonra ó 2453 sa bhliain 2002 go dtí 2339 sa bhliain 2006. Ina ainneoin sin, tá roinnt tograí forbartha cónaithe a tugadh chun críche ar imeall iarthuaiscirt agus oirdheiscirt an bhaile. Tá dhá thogra forbartha d'úsáid mheasctha ar scála mór (lena mbainean gné suntasach aonad cónaithe) ceadaithe díreach soir ó dheas ón Diamant agus ar shuíomh le taobh na habhann soir ó thuaidh de lár an bhaile. Meastar go bhfuil 112 aonad cónaithe folamh ar an mbaile agus 738 aonad anuas air sin a bhfuil cead tugtha ina leith ach gan iad tógtha go fóill. Sa chás go ndéanfaí na haonaid chónaithe sin a thógáil agus cónaí a dhéanamh iontu ar ráta 2.87 duine in aghaidh an áitribh, dhéanfaí soláthar d'ardú 2439 duine ar an daonra.

Is í abhainn an Iascaigh, an t-inbhear i mBá Dhún na nGall agus an taobh tíre droimníní ina thimpeall na saintréithe fisiciúla maidir leis an mbaile agus an cúlchríoch i ngar dó. Ó thaobh cúrsaí forbartha, cé go bhfuil cuma dhlúth ar lár an bhaile agus ar thuaisceart an bhaile, tá cuid mhaith forbartha líne a tharla leis na bóithre artaireacha achar maith amach ó lár an bhaile, go háirithe soir ó dheas, siar ó dheas agus siar ó thuaidh ón mbaile. Ina ainneoin sin, tá cuma foirgníochta thréan ar lár an bhaile agus dreach sráide ardchaighdeáin ann bunaithe thart ar réimse stairiúil bríomhar an Diamaint. Ó thaobh taitneamhacht timpeallachta agus radharcanna, is iad na hacmhainní is tábhachtaí ar an mbaile Inbhear an Iascaigh agus an caladh a théann leis, agus na droimníní géara le taobh Bhá Dhún na nGall agus sa chúlchríoch in aice leis an mbaile. Ina theannta sin, tá Baile Dhún na nGall aitheanta ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil mar Bhaile Stairiúil fá choinne cosanta ginearálta.

Ó thaobh cúrsaí infreastruchtúir is le Príomhbhealaí Náisiúnta an N15 agus an N56 is mó a dhéantar freastal ar an mbaile. Tá dhá bhunscoil agus aon scoil dara leibhéal amháin ar an mbaile agus daonra iomlán daltaí de 404 agus 974 ar an dá leibhéal faoi seach. Tá dóthain acmhainne in ionad cóireála dramhuisce an bhaile chun freastal ar an ualach daonra agus acmhainn breise maidir le hualú sa bhreis air sin. Is trí sholáthar uisce Loch Moirne a chuirtear an soláthar uisce poiblí ar fáil.

## Deiseanna agus ceisteanna eile

I bhfianaise na bpátrún forbartha thuasluaite agus an leibhéal infreastruchtúir atá ar fáil, tá roinnt ceisteanna agus deiseanna le sonrú maidir le cúrsaí pleanála agus forbartha:

- Mais chriticiúil a thabhairt chun cinn maidir leis an daonra d'fhonn beocht sóisialta agus eacnamaíochta an bhaile a choinneáil agus barainneacht scála a thabhairt i gcrích maidir le hinfreastruchtúr poiblí buntábhachtach (e.g. infreastruchtúr uisce agus dramhuisce, córas iompair poiblí, etc.) a chur ar fáil, tríd an oiread inbhuanaithe d'fhorbairt chónaithe nua a cheadú in áiteanna oiriúnacha.

- Cur le beocht socheacnamaíochta agus cáilíocht aesteitice lár an bhaile trí dhíriú ar fhorbairt nua miondíolacháin agus tráchtála taobh istigh de cheantar lár baile sainiúil agus critéir sonracha a chur i bhfeidhm maidir le cúrsaí dearúcháin.

- Feabhas a chur ar chúrsaí áisiúlachta agus ar thaitneamhacht fóillíochta trí chuma dhlúth uirbeach a chruthú, forbairt chónaithe a shuíomh i bhfoisceacht siúlóide de na seirbhísí tábhachtacha miondíolacháin, tráchtála agus pobail agus *vice versa* agus bealaí ceangail do choisithe, rothaithe agus lucht tiomána, mar atá agus mar a bheidh ar fáil san am atá le theacht, a chosaint.

- An infheistíocht sna slite iompair straitéiseacha a chosaint chomh maith leis an acmhainn iompair orthu agus an feabhsú a dhéanfar orthu san am atá le theacht trí fhorbairt a choinneáil siar ó Phríomhbhealaí an N15 agus an N56 agus srian a choinneáil ar an méid bealaí a bheidh isteach orthu.

- Athnuachan eacnamaíochta agus deiseanna fostaíochta a éascú trína chinntiú go gcuirtear dóthain tailte ar fáil d'fhorbairt thráchtála in ionaid áisiúla le seirbhísí.

- Caighdeán an uisce a choinneáil agus a fheabhsú agus cinntiú go bhfuil acmhainn dóthaineach ann don chóireáil eisiltigh bardasach i ndáil leis an bhforbairt go dtí seo agus le forbairt nua agus acmhainn cóireála breise a chur ar fáil nuair a bhíonn sin de dhíth.

- Cuidiú leis an soláthar oideachais trí thailte atá suite go straitéiseach a choinneáil le haghaidh síneadh a chur as scoileanna atá ann cheana féin nó scoileanna nua a chur ar fáil.

- Taitneamhacht timpeallachta agus radharcanna an bhaile a chosaint trína chinntiú nach gcuirtear isteach le forbairt nua ar ghnéithe taitneamhachta tábhachtacha madiir le cúrsaí timpeallachta agus radharcanna.

- Tá láthair seandálaíochta aitheanta ag Baile Dhún na nGall.

## Beartas

Breithneofar tograí forbartha i gcomhthéacs gach beartas bainteach atá taobh istigh den phlean forbartha chomh maith le gach breithniú ábhartha pleanála i gcomhthéacs pheanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair, agus treorach beartais ábharach Réigiúnach agus Náisiúnta.  Anuas air sin, beidh feidhm leis na beartais shonracha seo a leanas chomh maith:

1. Déanfar soláthar le tograí forbartha don oidhreacht seandálaíochta agus don oidhreacht foirgníochta a chaomhnú agus beidh siad ag cur go tairbheach leis an timpeallacht fhoirgníochta ar an mbaile.

2. Tá de bheartas ag an Chomhairle cosaint teorainneacha agus troscán sráide a mbaineann luach oidhreachta leo agus a chuireann le sráid-dreacha agus carachtar Bhaile Dhún na nGall a lorg.

3. Ní cheadófar tograí forbartha lena ndéantar soláthar do bhealach nua isteach nó do threisiú suntasach ar bhealach isteach atá cheana féin chuig Seachbhóthar Bhaile Dhún na nGall N15/N16.

4. Ní cheadófar tograí forbartha i bhfoisceacht 50 méadar de cholbha an bhóthair ar Sheachbhóthar Bhaile Dhún na nGall N15 / N16 ach amháin sa chás go bhfuil líne foirgníochta (is gaire ná 50 méadar don Seachbhóthar) bunaithe i gcóngar gairid don fhorbairt bheartaithe agus sa chás nach mbeadh an fhorbairt bheartaithe ina bhac ar aon bhealach eile ar chúrsaí sábháilteachta ar na bóithre ná ar leathnú an bhóthair tráth is faide anonn.

5. Ní cheadófar tograí forbartha lena dtarraingeofaí méadú suntasach ar leibhéal na tráchta feithiclí isteach ar Bhealach Náisiúnta an N56 idir teorainn an Dúinín agus Teorainn an Bhaile, ach amháin sa chás go mbeadh an bealach isteach ar an N5 ag áit acu seo a leanas nó i gcás acu seo a leanas:

   a. Acomhal an N56-1 leis an L1855-1.
   b. Acomhal an N56-1 leis an L-1855-2.
   c. Acomhal an N56-1 leis an L-6605-1.
   d. Acomhal an N56-1 leis an L-18451 sa chás go ndéantar soláthar leis na tograí d'ailíniú ar bhóthar contae an L-18451 leis an N56 agus do thimpeallán nó cineál eile acomhail ceadaithe a thógáil san áit a dtagann an N56-1 agus bóthar contae an L-6605 le chéile.
   e. Pointe amháin isteach (sa bhreis ar phointí na mbealaí isteach a shonraítear cheana féin sa bheartas seo) ar an taobh ó thuaidh den N56 idir pointí B agus C thuas sa chás go ndéantar soláthar do bhealach isteach ar na tailte atá ag síneadh leis agus go mbíonn Máistirphlean ag gabháil leis ina léirítear an dóigh ina dtabharfar an chuspóir sin i gcrích.
   f. Pointe amháin isteach (sa bhreis ar phointí na mbealaí isteach a shonraítear cheana féin sa bheartas seo) ar an taobh ó dheas den N56 idir pointí B agus C thuas sa chás go ndéantar soláthar do bhealach isteach ar na tailte atá ag síneadh leis agus go mbíonn Máistirphlean ag gabháil leis ina léirítear an dóigh ina dtabharfar an chuspóir sin i gcrích.

6. Ní cheadófar tograí forbartha san áit a mbeadh blocáil, cúngú nó bac eile á dhéanamh ar na bóithre ceangail a chruthú a shonraítear sa chreatchóras baile a théann leis seo.

7. Ní cheadófar tograí forbartha i bhfoisceacht 5 mhéadar den bhruach ná le habhainn an Iascaigh d'fhonn cruthú chosán siúlóide / bhealach rothaíochta a éascú le taobh na habhann.

8. Ní cheadófar tograí forbartha i bhfoisceacht crios maoláin 20 méadar thart ar an ionad cóireála uisce in Drumaght agus Drumrat.

9. Ní cheadófar tograí forbartha i bhfoisceacht 30 méadar de Bhá Dhún na nGall ná Inbhear Abhainn an Iascaigh ach amháin i ndáil le hinfreastruchtúr taitneamhachta neamhghníomhach.

10. I gcás tograí forbartha ar bith do cheantar Ionad Bosco / do cheantar na Marglainne, beidh soláthar á dhéanamh leo go díreach, nó dóthain tailte á gcoinneáil ar leataobh, d'ionad pobail ilúsáide.

11. Ní cheadófar tograí forbartha sa chás gurb é tuairim an Údaráis Phleanála go mbeadh tionchar míthairbheach uathu ar Limistéar Caomhantais Speisialta Bhá Dhún na nGall (Murbhach) (Cód Suímh: 000133), nó ar Limistéar faoi Chosaint Speisialta Bhá Dhún na nGall (Cód Suímh: 004151) nó Limistéar Speisialta Caomhnithe Loch Iascaigh agus Coillte Ard na Móna (cód láithreáin: 000163).

# An Clochán Liath

| Baile | An Clochán Liath |
|---|---|
| Aicme | 2 |
| Cur Síos sa Chuntas ar Aicmí Bailte | Baile Tacaíochta Straitéiseach |
| Uimhir Thagartha na léarscáile | 5 |

## Comhthéacs

Tá an Clochán Liath suite go straitéiseach i bhfo-réigiún Iarthuaisceart an Chontae agus an baile ag feidhmiú mar phríomhionad seirbhíse don cheantar ina thimpeall. Tá sé ar an ionad is tréine san iarthuaisceart agus forás le sonrú ar an daonra ann (ardú de 13% 2002-2006). Is léir an ról mar Bhaile Tacaíochta Straitéiseach ón líon mór, an réimse leathan agus an leibhéal seirbhísí agus áiseanna atá suite go dlúth le chéile, leis an bPríomhshráid go háirithe. Chomh maith leis sin, tá gníomhaíochtaí ardleibhéil a chuirtear ar fáil ar an mbaile, mar shampla Ospidéal Pobail an Chlocháin Léith, Beairic na nGardaí, Ionad Seirbhíse Poiblí Chomhairle Chontae Dhún na nGall agus oideachas dara leibhéal, ónar léir gurb é ról atá leis an mbaile freastal ní amháin do dhaonra an bhaile féin ach don daonra sna bailte tuaithe agus sna réimsí oscailte tíre máguaird.

Maidir le soláthar infreastruchtúir buntábhachta, tá Scéim Séarachais an Chlocháin Léith luaite sa Chlár Infheistíochta do Sheirbhísí Uisce mar chonradh a gcuirfear tús leis sna blianta 2010-2012 agus tá Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Iarthar Dhún na nGall luaite sa Chlár Infheistíochta do Sheirbhísí Uisce freisin cé nach bhfuil aon dáta sonraithe maidir leis an obair thógála sa chás sin. Is den bhunriachtanas an infheistíocht phleanáilte sin maidir leis an straitéis foráis don Bhaile Tacaíochta Straitéiseach a thabhairt i gcrích agus, idir an dá linn, beidh soláthar dóthaineach agus oiriúnach ar sheirbhísí de dhíth mar chuid d'aon togra forbartha.

## Deiseanna agus Ceisteanna Eile

I ndáil leis an mbaile a shonrú mar ionad seirbhíse mórthábhach, tá deiseanna ann forbairt chónaithe inbhuanaithe ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar bhealach comhleanúnach, ag oibriú amach ón gcroílár. Tiocfaidh an soláthar seo sa bhreis ar an líon suntasach aonad cónaithe eile is féidir a chur ar fáil trí thograí a bhfuil cead pleanála tugtha ina leith cheana féin (289 aonad) chomh maith le daoine ag déanamh cónaí in aonaid ar an mbaile atá folamh faoi láthair (50 aonad, Geo-eolaire 2010).

Tarraingítear aird ar roinnt nithe mórthábhachta eile anseo síos ach níl i gceist gur liosta ilchuimsitheach atá ann ó thaobh eolais, ábhar srianta ná ábhar deise:

- Cáilíocht shuntasach maidir le dreach an bhaile leis an bPríomhshráid mar a bhfuil sraith foirgneamh a chuireann go maith leis an gcáilíocht ailtireachta.
- Pointí tuilte sonraithe.
- Limistéar Oidhreachta Náisiúnta beartaithe (002047) agus Limistéar Caomhantais Speisialta (002047) in aice láimhe.
- Limistéar Sliogéisc ainmnithe i ngar do láthair.
- Sonraítear sa Phlean Bainistíochta Abhantraigh go bhfuil stádas dobharlaigh abhann go dona, stádas na habhann go dona agus stádas dobharlaigh locha go maith.

## Beartas

Breithneofar tograí forbartha gcomhthéacs gach beartas bainteach atá taobh istigh den phlean forbartha chomh maith le gach breithniú ábhartha pleanála i gcomhthéacs pheanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair, agus ainmnithe beartais ábharach Réigiúnach agus Náisiúnta. Anuas air sin, beidh feidhm leis na beartais shonracha seo a leanas chomh maith:

1. Tograí ar bith ar thailte a shainítear a bheith i gcrios cónaithe, ní mór dlús timpeall 20 aonad in aghaidh an heicteáir á léiriú ina leith.

2. Beidh aon tograí maidir le forbairt ar an bPríomhshráid den mhéid, den scála, den chineál agus den dearadh a thiocfaidh go héifeachtach le tréithe, scála agus comhréir na Príomhshráide.

# Bailte d'Aicme 3
# (Bailte agus Sráidbhailte Tréana):

# Ard an Rátha

| | |
|---|---|
| **Baile** | **Ard an Rátha** |
| **Aicme** | **3** |
| **Cur Síos sa Chuntas ar Aicmí Bailte** | **Bailte agus Sráidbhailte Tréana** |
| **Uimhir Thagartha na léarscáile** | **6** |

## Comhthéacs

Is baile oidhreachta Ard an Rátha ó thaobh ceangal fada le tionscal an bhréidín agus tionscal na cniotála. Tá sé suite in iarthar Dhún na nGall agus fiúntas mór turasóireachta ag baint leis. Tá réimse maith seirbhísí agus áiseanna agus príomhshráid thréan shonrach. Tá forás seasta tagtha ar an bhforbairt chónaithe ón mbliain 2000 i leith.

## Deiseanna agus ceisteanna eile

Tá ról fíorthábhachtach leis an mbaile maidir le réimse seirbhísí agus feidhmeanna áitiúla a chur ar fáil i gcúlchríoch fairsing tuaithe. Is den tábhacht go gcoinneofaí an t-ionad seirbhísí seo ar bun agus go gcuirfí bonn treise faoi i rith ré an phlean. Tá roinnt bheag deiseanna ann treisiú leis an mbonn seirbhísí trí thograí a bhfuil cead pleanála tugtha ina leith maidir le forbairt phobail agus forbairt thráchtála agus bhreathnófaí go fabhrach ar dheiseanna eile. Táthar ag súil go gcuideoidh an treisiú leis na feidhmeanna agus leis na seirbhísí sa bhaile le fás a chur faoin daonra. Faoi láthair tá rósholáthar aonad cónaithe sa cheantar. Tá céatadán ard d'árasáin agus de thithe an bhaile folamh agus cead pleanála tugtha do líon suntasach aonad cónaithe sa bhreis. Bheadh laghdú ar líon na n-aonad atá folamh ar cheann de na príomhcheisteanna chomh maith le críochnú na hoibre ar aonaid tithíochta atá fágtha gan críochnú.

Tarraingítear aird ar roinnt nithe mórthábhachta eile anseo síos ach níl i gceist gur liosta ilchuimsitheach atá ann ó thaobh eolais, ábhar srianta ná ábhar deise:

- Limistéar Caomhantais Speisialta siar ón mbóthar idir Ard an Rátha/An Más 000197 (cuid de taobh istigh de limistéar an bhaile ar an gceann thiar).
- Limistéar Oidhreachta Náisiúnta beartaithe siar ón mbóthar idir Ard an Rátha/An Más 000197 (cuid de taobh istigh de limistéar an bhaile ar an gceann thiar).
- 3 struchtúr ar an phríomhshráid ar Thaifead na Struchtúr faoi Chosaint, eadhon St Connell’s Church (409077301), Church of the Holy Family (40907303) agus The Central Hotel (40907304).
- Áitreabh amháin ar an phríomhshráid a luaitear ar Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta 40907302.
- Séadchomharthaí taifeadta taobh istigh den bhaile, eadhon ráth (DG074-010).
- Pointe Tuillte de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí sonraithe i lár an tsráidbhaile ag Droichead Endergale.
- Tá an baile i riocht maith maidir le Cóireáil Dramhuisce agus Seirbhísí Uisce.

- Tagann an tsráidbhaile faoi scáth an Phlean Bainistíochta Abhtrachta. Tá sonraithe ansin go mbaineann le hArd an Rátha:
  - Stádas Dobharlaigh Abhann atá "Go Dona" agus "Measartha"
  - Stádas Abhann atá "Go Dona"
  - Diúilicíní Péarla Fionnuisce taobh istigh den Limistéar Caomhantais Speisialta 000197 agus san abhainn ó thuaidh den tsráidbhaile.

- Foraois chrann leathanduilleach ó dheas den bhaile.

- Foraois de chuid Choilte ó dheas.

## Beartas

Breithneofar tograí forbartha gcomhthéacs gach beartas bainteach atá taobh istigh den phlean forbartha chomh maith le gach breithniú ábhartha pleanála i gcomhthéacs pheanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair, agus ainmnithe beartais ábharach Réigiúnach agus Náisiúnta. Anuas air sin, beidh feidhm leis na beartais shonracha seo a leanas chomh maith:

1. Tograí ar bith ar thailte a shainítear a bheith i gcrios cónaithe, ní mór dlús timpeall 15 aonad in aghaidh an heicteáir á léiriú ina leith.
2. Tá de bheartas ag an Chomhairle Limistéir Caomhnúcháin Ailtireachta a ainmniú taobh istigh de bhaile Ard an Rátha.
3. Tá de bheartas ag an Chomhairle an oidhreacht foirgníochta agus ailtireachta in Ard an Rátha a chosaint chomh maith le tréithríocht na háite.
4. Tá de bheartas ag an Chomhairle cosaint teorainneacha agus troscán sráide a mbaineann luach oidhreachta leo agus a chuireann le sráid-dreacha agus carachtar Ard an Rátha a lorg.

# An Bun Beag - Doirí Beaga

| | |
|---|---|
| **Baile** | **An Bun Beag - Doirí Beaga** |
| **Aicme** | **3** |
| **Cur Síos sa Chuntas ar Aicmí Bailte** | **Bailte agus Sráidbhailte Tréana** |
| **Uimhir Thagartha na léarscáile** | **7** |

## Comhthéacs

Tá an ceantar seo suite i nGaeltacht Dhún na nGall idir cósta an Atlantaigh ar an gceann thiar agus Sléibhte Dhoire Bheatha ar an gceann thoir; is tréith láidir sa cheantar an pátrún scaipthe lonnaíochta agus an réimse leathan áiseanna tráchtála agus sóisialta chomh maith leis an bPáirc Ghnó leitheadach atá ag Údarás na Gaeltachta in Ard na gCeapairí. Is é bóthar an N56 agus an bóthar le 'Cúl na hEaragaile' na príomhbhealaí isteach sa cheantar a bhfuil de bhuntáiste aige freisin bheith cóngarach d'Aerphort Dhún na nGall i gCarraig Fhinn.

Tá an bhéim maidir leis an gcreatchóras baile seo ar fhorbairt eacnamaíochta na Páirce Gnó a thabhairt chun cinn agus bonn treise a chur faoi, ról oidhreachta teanga agus cultúir an bhaile a thabhairt chun cinn agus ar leas a bhaint as infheistíocht barrthábhachta in infreastruchtúr an cheantair, go mór mór an t-ionad cóireála dramhuisce atá beartaithe agus togra craobhchórais don cheantar.

## Deiseanna agus ceisteanna eile

Is ceart creatchóras an bhaile a léamh in éineacht le Beartas UB-P-4 i gCaibidil 5 sa Phlean seo.

Maidir le forás ar an daonra, feictear don Chomhairle gur féidir cuid mhór den fhorás a mheastar a thiocfaidh a shásamh leis an soláthar tithíochta atá ar fáil sa cheantar cheana féin. Is ionann aonaid tithíochta, i gcásanna a bhfuil cead pleanála tugtha ach gan aon fhorbairt déanta ó shin, agus soláthar cóiríochta den suntas san am atá le theacht. Fágann an chuma scaipthe neamhchoitianta atá ar an mbaile agus na pátrúin úinéireachta atá i réim faoi láthair gur deacair tailte a shonrú d'fhonn criosú a dhéanamh maidir le tithíocht. Déanfar iarratais ar fhorbairt chónaithe a mheas i bhfianaise dáilte ón sciar fáis atá cionroinnte chuig an Chontae trí Threoirlínte Pleanála do Réigiún na Teorann 2010-2022. Beidh an sciar fáis chuig an Bun Beag – Doirí Beaga mar chion coibhneasta i gcomhthéacs na mbailte aicme 3 go léir agus beidh an glacadh ag teacht leis an Chroí-Straitéis.

Tarraingítear aird ar roinnt nithe mórthábhachta eile anseo síos ach níl i gceist gur liosta ilchuimsitheach atá ann ó thaobh eolais, ábhar srianta ná ábhar deise:

- An fhorbairt ar Scéim Cóireála Dramhuisce Ghaoth Dobhair agus a chur i mbun feidhme.
- Tá Limistéar Caomhantais Speisialta Bhá Ghaoth Dobhair agus na nOileán suite siar ón mbaile.
- Tá Limistéar Caomhantais Speisialta ainmnithe leis an Chláidigh ó dheas.
- Pointí sonraithe maidir le tuilte.
- Slite eitilte os cionn an cheantair a bhaineann leis an mbealach ó thuaidh isteach go hAerphort Dhún na nGall.

## Beartas

Breithneofar tograí forbartha gcomhthéacs gach beartas bainteach atá taobh istigh den phlean forbartha chomh maith le gach breithniú ábhartha pleanála i gcomhthéacs pheanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair, agus ainmnithe beartais ábharach Réigiúnach agus Náisiúnta. Anuas air sin, beidh feidhm leis na beartais shonracha seo a leanas chomh maith:

1. Tograí ar bith ar thailte a shainítear a bheith i gcrios cónaithe, ní mór dlús timpeall 12 aonad in aghaidh an heicteáir á léiriú ina leith.

# Conmhaigh

| Baile | Conmhaigh |
|---|---|
| Aicme | 3 |
| Cur Síos sa Chuntas ar Aicmí Bailte | Bailte agus Sráidbhailte Tréana |
| Uimhir Thagartha na léarscáilte | 8 |

## Comhthéacs

Baile meánmhéide Conmhaigh ina raibh daonra 1193 duine tráth dhaonáireamh na bliana 2006. Tá cuma dlúth ar an mbaile agus meascán ann d'aonaid chónaithe, miondíolacháin, pobail agus gnó agus tá tréithe suntasacha ag baint le dreach foirgníochta an bhaile, go háirithe mar is léir sin ó Theach Chonmhaigh, an Teach Geata agus an cúirtealáiste. Is díol suntais an méid forbartha atá déanta ar thithe cónaithe le blianta beaga anuas, go háirithe ar an gceann thuaidh agus ar an gceann thoir den bhaile, agus tá leibhéal ard ag baint lena bhfuil d'aonaid folmha (62) ar an mbaile.

## Deiseanna agus ceisteanna eile

Tá ról tábhachtach leis an mbaile ó thaobh réimse feidhmeanna áitiúla a chur ar fáil don daonra atá bunaithe ann agus tá d'acmhainn ann soláthar do fhorás breise ar an daonra trí aonaid chónaithe a bhfuil cead pleanála tugtha ina leith cheana féin, isteach is amach le 130 aonad. Tá ról tréan leis an mbaile ar an leibhéal áitiúil, agus ina fhianaise sin, tá criosú maidir le húsáid talún le haghaidh tithíocht chónaithe sonraithe i ndáil le tailte soir ón mbaile i ngar don lár agus do réimsí cónaí seanbhunaithe.

Is gné thábhachtach de dhlúth agus d'inneach an bhaile Teach Chonmhaigh agus an cúirtealáiste agus tá criosú taitneamhachta ainmnithe maidir le sciar den diméin agus taobh istigh de réimsí chonláiste tábhachtacha eile ar an mbaile.

Tarraingítear aird ar roinnt nithe mórthábhachta eile anseo thíos ach níl i gceist gur liosta ilchuimsitheach atá ann ó thaobh eolais, ábhar srianta ná ábhar deise:

- Tá 5 cinn de struchtúir taobh istigh de theorainn an bhaile ar Thaifead na Struchtúr faoi Chosaint, eadhon, Teach Chonmhaigh (40906905), Geataí Chonmhaigh agus an Teach Geata (40906904), Eaglais Phreispitéireach Chonmhaigh (40906907), Ionad Fiontraíochta Chonmhaigh (40906906), agus Eaglais Phreispitéireach Leasaithe Chonmhaigh (40906901)

- Scéim Cóireála Séarachais mar Thogra Feabhsúcháin Chóras Dramhuisce ar chonradh chun tosú 2010-2012.

- Stádas Dobharlaigh Abhann "Go Dona" de réir mar a shonraítear i bPlean Bainistíochta Abhantraigh an Iar-Thuaiscirt (2009-2015)

- Tá 3 cinn de Shéadchomharthaí seandálaíochta taifeadta suite taobh istigh de theorainneacha an bhaile nó i ngar dó, eadhon dhá shuíomh galláin (DG069-014, DG069-016) agus suíomh ilghnéitheach (DG069-017)

- Tá 7 bhfoirgneamh atá ar Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta suite taobh istigh de theorainneacha an bhaile.

## Beartas

Breithneofar tograí forbartha gcomhthéacs gach beartas bainteach atá taobh istigh den phlean forbartha chomh maith le gach breithniú ábhartha pleanála i gcomhthéacs pheanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair, agus ainmnithe beartais ábharach Réigiúnach agus Náisiúnta. Anuas air sin, beidh feidhm leis na beartais shonracha seo a leanas chomh maith:

1. Tograí ar bith ar thailte a shainítear a bheith i gcrios cónaithe, ní mór dlús timpeall 9 aonad in aghaidh an heicteáir á léiriú ina leith.

# An Craoslach

| | |
|---|---|
| **Baile** | **An Craoslach** |
| **Aicme** | **3** |
| **Cur Síos sa Chuntas ar Aicmí Bailte** | **Bailte agus Sráidbhailte Tréana** |
| **Uimhir Thagartha na léarscáile** | **9** |

## Comhthéacs

Is baile beag an Craoslach atá suite i gceantar scéimhe tuaithe agus b'ionann daonra an bhaile tráth a ndearnadh daonáireamh na bliana 2006 agus 327 duine. Tá an baile mór déroinnte ag an N56 agus is é is ann ná cnuasach d'fhorbairt timpeall chroí an bhaile agus foirm líneach forbartha, cónaitheach don chuid is mó ar feadh gach taobh den Bhóthar Náisiúnta. Tá áiseanna miondíolacháin agus seirbhíse an bhaile ar leibhéal áitiúil agus iad suite i lár an bhaile den chuid is mó.

## Deiseanna agus ceisteanna eile

Tá scála agus cineál na forbartha cónaithe taobh istigh de theorainneacha an bhaile ag teacht le scála agus leagan amach an bhaile ina gcuirtear réimse feidhmeanna áitiúla ar fáil don daonra atá bunaithe ann. Tá deis ann soláthar d'fhorás breise faoin daonra trí aonaid tithíochta a bhfuil cead pleanála tugtha ina leith cheana féin, líon is ionann agus 37 aonad. D'fhonn freastal d'fhorás ar an mbaile san am atá le theacht ar bhealach comhleanúnach, tá criosú i ndáil le haonaid chónaithe déanta maidir le dhá shuíomh taobh istigh de theorainneacha an bhaile atá i ngar don lár agus do limistéir chónaithe seanbhunaithe.

Tarraingítear aird ar roinnt nithe mórthábhachta eile anseo síos ach níl i gceist gur liosta ilchuimsitheach atá ann ó thaobh eolais, ábhar srianta ná ábhar deise:

- Tá aon struchtúr amháin taobh istigh de theorainn an bhaile ar Thaifead na Struchtúr faoi Chosaint, eadhon Séipéal Naomh Michíl (4090260)
- Ní mór déileáil leis an gceist maidir le cóireáil dramhuisce chun freastal d'fhorás san am atá le theacht.
- Tá Stádas Dobharlaigh Abhann "Go Dona" agus Stádas Dobharlaigh Abhann "Go Maith" sonraithe taobh istigh de theorainneacha an bhaile de réir mar a luaitear i bPlean Bainistíochta Abhantraigh an Iar-Thuaiscirt (2009-2015).
- Tá dhá Shéadchomhartha seandálaíochta taifeadta suite taobh istigh de theorainneacha an bhaile, eadhon, tuama meigiliteach (DG026028) agus reilig (DG026029)
- Tá Limistéar Caomhantais Speisialta Natura 2000 agus Limistéar Oidhreachta Náisiúnta beartaithe i gcóngar Oirdheisceart an bhaile agus tá Limistéar Caomhantais Speisialta Natura 2000 agus Limistéar Oidhreachta Náisiúnta beartaithe i gcóngar Oirthuaisceart an bhaile chomh maith.
- Tá aon fhoirgneamh amháin atá ar Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta suite taobh istigh de theorainneacha an Chraoslaigh.

## Beartas

Breithneofar tograí forbartha gcomhthéacs gach beartas bainteach atá taobh istigh den phlean forbartha chomh maith le gach breithniú ábhartha pleanála i gcomhthéacs pheanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair, agus ainmnithe beartais ábharach Réigiúnach agus Náisiúnta. Anuas air sin, beidh feidhm leis na beartais shonracha seo a leanas chomh maith:

1. Tograí ar bith ar thailte a shainítear a bheith i gcrios cónaithe, ní mór dlús timpeall 8 aonad in aghaidh an heicteáir á léiriú ina leith.

# Dún Fionnachaidh

| | |
|---|---|
| **Baile** | **Dún Fionnachaidh** |
| **Aicme** | **3** |
| **Cur Síos sa Chuntas ar Aicmí Bailte** | **Bailte agus Sráidbhailte Tréana** |
| **Uimhir Thagartha na léarscáilte** | **10** |

## Comhthéacs

Tá Dún Fionnachaidh suite le cósta i dtuaisceart an Chontae. Tá réimse maith seirbhísí agus áiseanna ar leibhéal áitiúil ar fáil ar an mbaile agus tá lár an bhaile, lena n-áirítear an Phríomhshráid, le sonrú go soiléir. Tá feidhm áitiúil leis an mbaile maidir le seirbhísí a chur ar fáil ach tá ról suntasach leis ó thaobh turasóireachta freisin mar is léir ó oiread na forbartha ar thithe saoire sa cheantar, an leibhéal seirbhísí fáilteachais agus fóillíochta atá ar fáil ann, an galfchúrsa ag an gceann thoir den bhaile san áireamh. Tá an baile suite tuairim is 2 km as Port na Bláiche, ina bhfuil pátrún scaipthe aonad tithíochta agus cuid suntasach tithe saoire. Tá buntáiste ag an mbaile ó thaobh an suíomh le cósta freisin agus radharcanna breátha le fáil amach i dtreo Chorrán Binne.

## Deiseanna agus ceisteanna eile

Tá deis ann soláthar a dhéanamh d'fhorás breise faoin daonra trí aonaid cónaithe a bhfuil cead pleanála tugtha ina leith cheana féin, líon atá isteach is amach le 120 aonad. Mar gheall ar an líon mór aonad a bhfuil cead pleanála ina leith taobh istigh den bhaile agus d'fhonn freastal d'fhorás oiriúnach ar an mbaile ar bhealach comhleanúnach san am atá le theacht, tá criosú déanta i ndáil le húsáid tithíochta maidir le suíomh taobh istigh den bhaile atá i ngar don lár agus do limistéir cónaí seanbhunaithe.

Tarraingítear aird ar roinnt nithe mórthábhachta eile anseo síos ach níl i gceist gur liosta ilchuimsitheach atá ann ó thaobh eolais, ábhar srianta ná ábhar deise:

- Tá 5 cinn de struchtúir taobh istigh de theorainn an bhaile ar Thaifead na Struchtúr faoi Chosaint, is iad sin, teach scoite 3 bhá ó ré Victoria (40901514), Eaglais Phreispitéireach Dhún Fionnachaidh (40901504), Teach Reachtaire ó ré Sheoirse (40901513), teach leathscoite ar an déanamh dúchasach (40901512) agus Séipéal na Tríonóide Naofa (40901509).

- Tá tábhacht le cóireáil dramhuisce i ndáil le forás san am atá ag teacht.

- Tá stádas íseal sonraithe i ndáil leis an dobharlach abhann taobh istigh de theorainneacha an bhaile agus stádas maith sonraithe i ndáil leis an Loch atá siar ó dheas de réir mar a luaitear sa Phlean Bainistíochta Abhantraigh don Iarthuaisceart (2009-2015).

- Tá Séadchomhartha seandálaíochta taifeadta suite taobh istigh de theorainneacha an bhaile, eadhon 'Suíomh Caisleáin' (DG015-016).

- Tá Limistéar Caomhantais Speisialta Natura 2000 agus Limistéar Oidhreachta Náisiúnta beartaithe taobh istigh de theorainneacha an bhaile agus díreach soir agus soir ó dheas ón mbaile (LONb: 000147 Corrán Binne & Rinn Chliabháin and SAC: 00147 Corrán Binne & Rinn Chliabháin). Tá Limistéar Caomhantais Speisialta Natura 2000 agus Limistéar faoi

Chosaint Speisialta i gcóngar dheisceart agus iardheisceart limistéar an bhaile chomh maith (LCS: 004194 Corrán Binne go Cionn Fhánada an tagairt)

- Tá 7 bhfoirgneamh atá ar Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta suite taobh istigh de theorainneacha Dhún Fionnachaidh.
- Tá baol ó thuilte taobh istigh de theorainneacha an bhaile atá ceangailte le taoille ard uair gach ocht mbliana, agus tá pointe tuilte de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí i lár an bhaile.

## Beartas

Breithneofar tograí forbartha gcomhthéacs gach beartas bainteach atá taobh istigh den phlean forbartha chomh maith le gach breithniú ábhartha pleanála i gcomhthéacs pheanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair, agus ainmnithe beartais ábharach Réigiúnach agus Náisiúnta. Anuas air sin, beidh feidhm leis na beartais shonracha seo a leanas chomh maith:

1. Tograí ar bith ar thailte a shainítear a bheith i gcrios cónaithe, ní mór dlús timpeall 10 aonad in aghaidh an heicteáir á léiriú ina leith.

# An Fál Carrach

| Baile | An Fál Carrach |
|---|---|
| Aicme | 3 |
| Cur Síos sa Chuntas ar Aicmí Bailte | Bailte agus Sráidbhailte Tréana |
| Uimhir Thagartha na léarscáile | 11 |

## Comhthéacs

Baile bríomhar an Fál Carrach atá i gceartlár na Gaeltachta agus réimse fairsing áiseanna agus seirbhísí éagsúla á gcur ar fáil ann don bhaile féin agus don chúlchríoch tuaithe Gaeltachta ina thimpeall. Tá an baile suite ar 'chroisbhealach', mar a dtagann bóthar Contae agus Príomhbhóthar Náisiúnta an N56, an bóthar atá mar 'Phríomhshráid' sa bhaile, le chéile agus tá 'lár an bhaile', mar a bhfuil an chuid is mó de na gnólachtaí miondíolacháin agus de na hionaid seirbhíse suite, le sonrú go soiléir. B'ionann daonra an bhaile tráth a ndearnadh an daonáireamh deireanach sa bhliain 2006 agus 842 duine.

## Deiseanna agus ceisteanna eile

Tá bonn láidir miondíolacháin, seirbhísí agus fostaíochta ag baint leis an mbaile agus ba cheart go gcoinneofaí bríomhaireacht an bhaile trí chomhdhlúthú agus trí fhorás inbhuanaithe. Tá deis ann soláthar a dhéanamh d'fhorás breise faoin daonra le haonaid chónaithe a bhfuil cead pleanála tugtha ina leith cheana féin, líon is ionann agus 68 aonad agus tá criosú déanta i ndáil le forbairt áras cónaithe maidir le suíomh amháin d'fhonn freastal d'fhorás ar an mbaile san am atá le theacht ar bhealach comhleanúnach.

Tarraingítear aird ar roinnt nithe mórthábhachta eile anseo síos ach níl i gceist gur liosta ilchuimsitheach atá ann ó thaobh eolais, ábhar srianta ná ábhar deise:

- Táthar amach go maith sa phleanáil ar scéim maidir le Togra Feabhsúcháin Chóras Dramhuisce.
- Tá stádas íseal i ndáil le dobharlach abhann agus stádas measartha i ndáil le dobharlach abhann sonraithe sa Phlean Bainistíochta Abhantraigh don Iarthuaisceart (2009-2015) taobh istigh de limistéar an bhaile.
- Tá dhá Shéadchomhartha seandálaíochta taifeadta suite taobh istigh de theorainneacha an bhaile, eadhon, dhá shuíomh imfhálaithe (DG025-031 agus DG025-032).
- Tá Limistéar Oidhreachta Náisiúnta beartaithe (001090 Bá Bhaile an Easa) taobh istigh de theorainneacha chreatchóras an bhaile ag an gceann thiar. Tá suíomh Natura 2000 (Limistéar Caomhantais Speisialta: 001090 Bá Bhaile an Easa) agus Limistéar Oidhreachta Náisiúnta beartaithe (001090 Bá Bhaile an Easa) suite i ngar do theorainn an bhaile ar an taobh thiar.

## Beartas

Breithneofar tograí forbartha gcomhthéacs gach beartas bainteach atá taobh istigh den phlean forbartha chomh maith le gach breithniú ábhartha pleanála i gcomhthéacs pheanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair, agus ainmnithe beartais ábharach Réigiúnach agus Náisiúnta. Anuas air sin, beidh feidhm leis na beartais shonracha seo a leanas chomh maith:

1. Tograí ar bith ar thailte a shainítear a bheith i gcrios cónaithe, ní mór dlús timpeall 9 aonad in aghaidh an heicteáir á léiriú ina leith.

# Na Gleannta

| | |
|---|---|
| **Baile** | **Na Gleannta** |
| **Aicme** | **3** |
| **Cur Síos sa Chuntas ar Aicmí Bailte** | **Bailte agus Sráidbhailte Tréana** |
| **Uimhir Thagartha naléarscáile** | **12** |

## Comhthéacs

Baile bríomhar meánmhéide i gcroílár na Gaeltachta atá sna Gleannta a gcuirtear réimse fada fairsing áiseanna agus seirbhísí ar fáil ann don bhaile féin agus don chúlchríoch tuaithe Gaeltachta i gcoitinne. Tá 'lár an bhaile' tréan láidir agus is ann is mó atá na gnólachtaí miondíolacháin agus na hionaid seirbhíse suite, ar a n-áirítear soláthar seirbhísí ardleibhéil, mar shampla, oideachas dara leibhéal, stáisiún gardaí lánaimseartha agus teach cúirte. B'ionann daonra an bhaile tráth an daonáirimh deiridh sa bhliain 2006 agus 811 duine.

## Deiseanna agus ceisteanna eile

Tá ról tábhachtach leis an mbaile maidir le réimse feidhmeanna áitiúla a chur ar fáil don chúlchríoch tuaithe agus don daonra atá bunaithe ann agus tá deis ann soláthar a dhéanamh d'fhorás breise ar an daonra le haonaid chónaithe a bhfuil cead pleanála tugtha ina leith cheana féin, líon is ionann le tuairim is 125 aonad. Tá ról láidir leis an mbaile ar an leibhéal áitiúil, agus ina fhianaise sin, tá criosú maidir le húsáid talún d'árais chónaithe sonraithe taobh istigh de theorainneacha an bhaile, i ngar do lár an bhaile.

Tá baol ó thuilte abhann sna Gleannta agus tá pointí tuilte sonraithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí leis an abhainn taobh istigh de theorainneacha chreatchóras an bhaile.

Tarraingítear aird ar roinnt nithe mórthábhachta eile anseo síos ach níl i gceist gur liosta ilchuimsitheach atá ann ó thaobh eolais, ábhar srianta ná ábhar deise:

- Tá 3 cinn de struchtúir taobh istigh de theorainn an bhaile ar Thaifead na Struchtúr faoi Chosaint, eadhon, Eaglais de chuid Eaglais na hÉireann (40907405), Teach Cúirte na nGleannta, (40907406) agus Séipéal Caitliceach Naomh Conaill (40907407)

- Tá Séadchomhartha seandálaíochta taifeadta (gallán) suite taobh istigh de cheantar chreatchóras an bhaile, (DG074- 004).

- Tá 8 bhfoirgneamh atá ar Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta suite taobh istigh de theorainneacha na nGleannta.

- Tá Limistéar Caomhantais Speisialta (LCS: 00197) suite taobh istigh de na Gleannta (leis an abhainn) chomh maith le réimsí fairsinge de Limistéar Caomhantais Speisialta agus Limistéar Oidhreachta Náisiúnta beartaithe (LONb: 00197) siar ó thuaidh ón mbaile agus ó dheas de.

- Tá an baile taobh istigh den Limistéar Abhantraigh cosanta maidir le Diúilicíní Péarla Fionnuisce agus tá Diúilicíní Péarla Fionnuisce ar taifead i ngar don bhaile.

- Tá stádas íseal agus stádas measartha sonraithe i ndáil leis an dobharlach abhann agus Stádas na hAbhann féin measartha agus go dona, de réir mar a luaitear sa Phlean Bainistíochta Abhantraigh don Iarthuaisceart (2009-2015).

- Tá tábhacht le cóireáil dramhuisce i ndáil le forás san am atá ag teacht.

## Beartas

Breithneofar tograí forbartha gcomhthéacs gach beartas bainteach atá taobh istigh den phlean forbartha chomh maith le gach breithniú ábhartha pleanála i gcomhthéacs pheanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair, agus ainmnithe beartais ábharach Réigiúnach agus Náisiúnta. Anuas air sin, beidh feidhm leis na beartais shonracha seo a leanas chomh maith:

1. Tograí ar bith ar thailte a shainítear a bheith i gcrios cónaithe, ní mór dlús timpeall 8 aonad in aghaidh an heicteáir á léiriú ina leith.

# Leifear

| | |
|---|---|
| **Baile** | **Leifear** |
| **Aicme** | **3** |
| **Cur Síos sa Chuntas ar Aicmí Bailte** | **Bailte agus Sráidbhailte Tréana** |
| **Uimhir Thagartha na léarscáile** | **13** |

## Comhthéacs

Feidhmíonn Leifear mar lárionad an rialachais sa Chontae agus tá sé suite go straitéiseach ar an teorainn in aice láimh leis an Srath Bán. Tá róil mar a chéile ag an dá bhaile teorainneach seo agus bíonn leas ag an dá ionad ón obair i gcomhar (i.e. Coimisiún Forbartha Leifir agus an tSratha Báin). Is léir an soláthar seirbhísí i Leifear ó ghníomhaíochtaí de chuid an ospidéil/an ionaid sláinte, na bunscoile, na pictiúrlainne, chúrsa Rásaí na gCon, chumainn lúthchleasaíochta, sacair agus CLG, chomh maith le réimse éagsúil seirbhísí miondíolacháin agus seirbhísí gairimiúla.

Cé gur tharla caillteanas suntasach post le blianta beaga anuas mar gheall ar dhílárú Chomhairle Chontae Dhún na nGall agus Beairic Leifir a dhúnadh, feictear go mbeidh deiseanna foráis ag teacht chun cinn trí infreastruchtúr feabhsaithe, mar shampla Tionscadal Kelvin, agus bealach nua an A5 mar atá beartaithe idir Baile Átha Cliath agus Doire.

Is ionann daonra Leifir agus 1,448 (LOS 2006), ardú 3.8% ón mbliain 2002 i leith. Tá cuma thréan ar dhreach fhoirgníochta stairiúil an bhaile agus gnéithe seandálaíochta le sonrú go fairsing ann. Ina theannta sin, tá Leifear aitheanta ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil mar Bhaile Stairiúil fá choinne cosanta ginearálta.

## Deiseanna agus ceisteanna eile

Tarraingítear aird ar roinnt nithe mórthábhachta eile anseo síos ach níl i gceist gur liosta ilchuimsitheach atá ann ó thaobh eolais, ábhar srianta ná ábhar deise:

- Tá cúig iarratas istigh ar chead pleanála faoi láthair a bhféadfadh 88 aonad nua tithíochta a bheith i gceist leo. Chomh maith leis sin, is cosúil go bhfuil 78 aonad ar an mbaile atá folamh.

- Is Limistéar Caomhantais Speisialta (Natura 2000) an Fhinn/an Feabhal.

- Sonraítear sa Phlean Bainistíochta Abhantraigh, An Fhinn (NW-01-846, Stádas 2009 – Measartha agus XB-01-1-2&3, Stádas 2009 - Go dona). Tá an chuid íochtair den Fhinn go dona ó Bhealach Féich/Srath an Urláir go dtí an suíomh deiridh a ndéantar monatóireacht air i gCaisleán na Finne (1100) níos faide suas ná an cumar leis an bhFeabhal.

- An Daoil (NW-01-1913, Stádas 2009 - Go dona). Bhí stádas ard ag baint leis an gcuid uachtair den Daoil nuair a rinneadh suirbhéireacht go luath i mí Lúnasa 2007 agus bhí stádas maith ag baint leis an gcuid láir ag Stáisiún 0200.

- Ionad Cóireála Dramhuisce Leifir – i measc an ábhair baoil a ghabhann leis tá easpa acmhainne maidir le cóireáil san am atá le theacht, easpa acmhainne maidir le himeascadh san uisce a ligtear isteach ann é, agus cáilíocht uisce míshásúil (Q luach < 4) i bhfoisceacht

3km den phointe sceite. Limistéir i mbaol mar gheall ar easpa acmhainne san Ionad Cóireála Dramhuisce san am atá le theacht.

- Tá easpa suntasach i gceist maidir le cóireáil dramhuisce agus ceisteanna acmhainne agus oibreacha caipitil nach dtagann i gceist faoi Thogra Feabhsúcháin an Chórais Dramhuisce 2010- 2012. Meastar dá réir sin go mbeadh cuid mhaith tograí forbartha róluath go dtí go réitítear na cásanna easpa seo.

- Pointe tuilte agus tailte buntáiste ag Cimín Leifir leis an bhFeabhal agus leis an Daoil san áit a bhfuil Tailte Buntáiste sonraithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus na haibhneacha seo, ar minic tuilte mar gheall ar chur thar bruach, á gcoinneáil siar ag na bruacha.

- Tá 7 struchtúr de chuid Taifead na Struchtúr Cosanta (RPS) lonnaithe laistigh de theorainn an bhaile, eadhon Church of St Lugadius (40800801), halla eaglaise (40800802), Ionad Cuairteoirí ag an Seanteach Cúirte (40800806), Stáisiún na nGardaí (40800810), Teach Shráid an Droichid (40800812), Brú Rehab (40800813) agus Teach an Bhaile Dhuibh (40800814).

- Tá 8 séadchomhartha taifeadta laistigh de chríoch lár an bhaile, eadhon Baile Leifir féin (DG0071-008), gallán (DG071-005, DG071-006, DG071-007, DG071-008, DG071-009) agus eaglais agus reilig (DG071-008001 agus DG071-008003).

- Tá 14 struchtúr NIAH lonnaithe laistigh de theorainn bhaile Leifir.

- Is láthair seandálaíochta ainmnithe é lár Bhaile Leifir.

## Beartas

Breithneofar tograí forbartha gcomhthéacs gach beartas bainteach atá taobh istigh den phlean forbartha chomh maith le gach breithniú ábhartha pleanála i gcomhthéacs pheanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair, agus ainmnithe beartais ábharach Réigiúnach agus Náisiúnta. Anuas air sin, beidh feidhm leis na beartais shonracha seo a leanas chomh maith:

1. Tá timpeall is aon heicteár amháin sonraithe ag an gComhairle maidir le húsaid Chónaithe i rith ré an Phlean.

2. Cuideoidh an Chomhairle le tograí faoin Scéim Feabhsúcháin Comhshaoil a bhaineann leis an Togra Trasteorainn Abhann.

3. Spreagfaidh an Chomhairle forbairt chuí ar an gcúltír d'fhonn breis gníomhaíochtaí a chothú agus a chruthú i lár an bhaile agus i gcúrsaí miondíolacháin.

4. Tá de bheartas ag an Chomhairle an oidhreacht thógtha agus ailtireachta, chomh maith le carachtar saintréithe Leifir a chosaint, mar bheartas.

5. Tá de bheartas ag an Chomhairle cosaint teorainneacha agus troscán sráide a mbaineann luach oidhreachta leo agus a chuireann le sráid-dreacha agus carachtar Leifir a lorg, mar bheartas.

# Mainéar Uí Chuinneagáin

| | |
|---|---|
| **Baile** | **Mainéar Uí Chuinneagáin** |
| **Aicme** | **3** |
| **Cur Síos sa Chuntas ar Aicmí Bailte** | **Bailte agus Sráidbhailte Tréana** |
| **Uimhir Thagartha na léarscáile** | **14** |

## Comhthéacs

Feidhmíonn Mainéar Uí Chuinneagáin mar bhaile tuaithe stairiúil ann féin agus is ionad tábhachtach seirbhíse atá ann atá suite beagán ar shiúl ón N14 ar Shlí Gheatabhealaigh Leitir Ceanainn agus Doire. Scór measartha a ghnóthaíonn an baile maidir le beocht, tá réimse beag gníomhaíochtaí ann ar leibhéal áitiúil, ionad sláinte ina measc, tá farasbarr acmhainne (CA = 850) san ionad cóireála dramhuisce agus tá 148 ionad tithíochta (le cead pleanála) nach bhfuil forbairt déanta orthu taobh istigh den tsráidbhaile

- Tiocfaidh feabhas maidir leis an achar ama a chaitear ar thuras go Leifear/an Srath Bán leis an ailíniú atá beartaithe ar an N14 idir Leifear agus Leitir Ceanainn agus, dá leanfaí ar aghaidh, as sin go Baile Átha Cliath, ar bhóthar nua an A5 a chríochnú.
- Is ionann daonra an bhaile agus 414 duine (LOS 2006), tá ardú 29.4% tagtha ón mbliain 2002 i leith, agus tá bunscoil, ionad sláinte agus réimse leathan seirbhísí miondíolacháin agus seirbhísí gairmiúla. Tá amharc iontach ar Loch Suilí ón mbaile.
- Feidhmíonn an baile mar ionad saitilíte agus mar ionad comaitéireachta maidir le Leitir Ceanainn agus Doire araon, ó tharla gur iomaí duine ina gcónaí i Mainéar Uí Chuinneagáin anois a d'athraigh as Doire le deich mbliana anuas nuair a tógadh limistéir nua chónaithe ar an mbaile.
- Tá leagan amach stairiúil le sonrú ar an mbaile a bhfuil roinnt Struchtúr faoi Chosaint ann agus ceithre cinn d'fhoirgnimh a luaitear ar Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta.

## Deiseanna agus ceisteanna eile

Tarraingítear aird ar roinnt nithe mórthábhachta eile anseo síos ach níl i gceist gur liosta ilchuimsitheach atá ann ó thaobh eolais, ábhar srianta ná ábhar deise:

- Tá 13 iarratas istigh ar chead pleanála faoi láthair a bhféadfadh 215 aonad nua tithíochta a bheith i gceist leo. Chomh maith leis sin, is cosúil go bhfuil 22 aonad ar an mbaile atá folamh.

- Tá an baile suite os cionn Limistéar faoi Chosaint Speisialta (Natura 2000) an Oileáin Mhóir, suíomh a bhfuil tábhacht leis maidir le héin imirce.

- Sonraítear sa Phlean Bainistíochta Abhantraigh, Dobharlach NW-39-1548 ar stádas 'Go dona'. I mbaol mar gheall ar thalmhaíocht. Cuspóir le tabhairt i gcrích faoin mbliain 2021 agus NW-39-2523 ar stádas 'Go maith'. Cuspóir le tabhairt i gcrích faoin mbliain 2009.

- Pointe tuilte ag an Oileán Mór, mar ar tháinig thar na bruacha sa bhliain 1990.

## Beartas

Breithneofar tograí forbartha gcomhthéacs gach beartas bainteach atá taobh istigh den phlean forbartha chomh maith le gach breithniú ábhartha pleanála i gcomhthéacs pheanáil chuí agus fhorbairt

inbhuanaithe an cheantair, agus ainmnithe beartais ábharach Réigiúnach agus Náisiúnta. Anuas air sin, beidh feidhm leis na beartais shonracha seo a leanas chomh maith:

1. Tá timpeall is aon heicteár amháin sonraithe ag an gComhairle maidir le húsaid Chónaithe i rith ré an Phlean. Beidh forbairt ar na tailte sin ag brath ar infreastruchtúr uisce agus dramhuisce a fheabhsú agus a chur ar fáil sa cheantar.

# Baile na nGallóglach

| | |
|---|---|
| **Baile** | **Baile na nGallóglach** |
| **Aicme** | **3** |
| **Cur Síos sa Chuntas ar Aicmí Bailte** | **Bailte agus Sráidbhailte Tréana** |
| **Uimhir Thagartha na léarscáile** | **15** |

## Comhthéacs

Baile beag atá i mBaile na nGallóglach le daonra de 829 (Daonáireamh 2006) suite 20 km ó thuaidh de Gheatabhealach Leitir Ceanainn. Tá an baile suite go straitéiseach ar an mbealach isteach ar leithinis Fhanaid agus ar leithinis Ros Goill araon, agus is cuid shuntasach an dá leithinis sin den chúlchríoch fhairsing tuaithe a ndéanann Baile na nGallóglach freastal air.

Tá croílár sonrach leis an mbaile a cuireadh ar bun san ochtú céad déag. I measc na seirbhísí a bhfuil tábhacht leo don bhaile, tá an tIonad Seirbhíse Poiblí, Leabharlann, dhá Scoil Iarbhunscoile, Óstán, Ionad Oideachais do Dhaoine Fásta, Stáisiún Dóiteáin, trí cinn d'ollmhargaí agus Nuachtán. I measc na seirbhísí níos áitiúla ná sin tá oifig an phoist, ionad sláinte, ionad pobail, tréadlia, trí cinn de thithe ósta, Séipéal agus Bunscoil.

Tá réimse iléagsúil aonad gnó agus aonad cónaithe ar an bPríomhshráid ach, ainneoin sin, tá oiread sin folamh agus tréigthe agus go bhfuil an leibhéal ina bhagairt do bheocht an bhaile.

Is iomaí beart forbartha atá déanta le tamall anuas le himeall an bhaile agus forbairt tithe cónaithe, ionaid miondíolacháin ar lascaine agus tithe aonair leis na bóithre isteach don bhaile i gceist leis sin.

Tá isteach is amach le 550 aonad cónaithe ar an mbaile agus cead tugtha i ndáil le 147 sa bhreis air sin nár tógadh go fóill. Chomh maith leis sin, tá 78 aonad cónaithe ar an mbaile atá folamh. Is é is mó a bhaineann leo sin, aonaid atá folamh i bhfoirgnimh níos sine i gcroílár an bhaile agus aonaid nach ndearnadh cónaí iontu go fóill in ionaid forbartha nua ar imeall an bhaile. Fágann na haonaid fholmha agus na haonaid nár tógadh go fóill go bhfuil soláthar tithíochta do suas le 675 ar an mbaile.

Osclaíodh bealach faoisimh laistigh ar an mbaile le gairid chun an brú tráchta a mhaolú agus ligean don trácht gluaiseacht ar an bPríomhshráid.

Ó thaobh cúrsaí infreastruchtúir tá easnamh ar an mbaile faoi láthair maidir le hacmhainn cóireála ar dhramhuisce agus le soláthar uisce.

Is é stádas a luaitear leis an dobharlach sa Phlean Bainistíochta maidir leis an Abhantrach "Go dona". Tagann Baile na nGallóglach faoi scáth Aonad Bainistíochta Uisce (ABU) na Leanainne / na Cláidí / Abhainn Choradh / Glaskeelan agus sonraítear sa phlean gníomhaíochta a bhaineann leis sin go bhfuil baol faoi leith ag baint leis an Ionad Cóireála Dramhuisce ar an mbaile don dobharlach a ghlacann le huisce uaidh. Is fo-abhainn de chuid na Leanainna an abhainn a théann tríd an mbaile, Maggie's Burn, agus tá sonraithe ina leith go bhfuil an stádas "Go dona".

## Deiseanna agus ceisteanna eile

- Tá deis bhuntábhachtach ann treisiú le croílár an bhaile agus athbheochan a dhéanamh ann, go háirithe dul i ngleic le hárais thréigthe agus árais fholmha leis an bpríomhshráid.

- Acmhainn Cóireála Dramhuisce de chuid na Comhairle a chur ar fáil d'fhonn freastal don leibhéal cóireála atá de dhíth maidir le daonra, seirbhísí agus gníomhaíochtaí tráchtála an bhaile faoi láthair agus leis an bhforbairt atá ceadaithe agus an fhorbairt ó thaobh árais chónaithe agus ionaid thráchtála san am atá le theacht.

- Soláthar dóthaineach Uisce a chur ar fáil d'fhonn freastal do riachtanas an bhaile faoi láthair agus don riachtanas san am atá le theacht de réir mar atá pleanáilte.

- Cinntiú go mbíonn forbairt nua miondíolacháin, tráchtála agus shóisialta i bhfoisceacht siúlóid áisiúil den Réimse Croíláir

- Cinntiú go mbíonn árais chónaithe nua a chuirtear ar fáil i bhfoisceacht siúlóid áisiúil den Réimse Croíláir

- Tréithe agus nádúr an bhaile a chaomhnú, trí dhreach na sráide agus réimsí taitneamhachta agus réimsí atá faoi chrainn a chosaint

- Athbheochan eacnamaíochta agus dheiseanna fostaíochta a éascú trína chinntiú go mbíonn dóthain tailte á gcur ar fáil d'fhorbairt thráchtála in ionaid áisiúlta le seirbhísí

## Beartas

Breithneofar tograí forbartha i gcomhthéacs gach beartas bainteach atá taobh istigh den phlean forbartha chomh maith le gach breithniú ábhartha pleanála i gcomhthéacs pheanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair, agus treorach beartais ábharach Réigiúnach agus Náisiúnta. Anuas air sin, beidh feidhm leis na beartais shonracha seo a leanas chomh maith:

1. Tá de bheartas ag an Chomhairle cinntiú go ndéantar soláthar le tograí forbartha do chaomhnú oidhreacht seandálaíochta, nádúrtha agus tógtha an bhaile agus go mbíonn buntáiste seachas sin leo maidir le croíchóras an bhaile, lena luaitear árais leis an bPríomhshráid, reiligí stairiúla, spás oscailte, taobh tíre íogair agus foirgnimh eile a bhfuil fiúntas ailtireachta leo ar fud an bhaile.

2. Tá de bheartas ag an Chomhairle cinntiú nach mbeadh tograí forbartha ar scála beag, mar shampla togra maidir le háras cónaí aonair, taobh istigh den bhaile ina mbac ar an acmhainn forbartha tráth níos faide anonn a bhainfeadh le tailte ar an mbaile, seirbhísí do thailte dá leithéid san áireamh.

3. Tá de bheartas ag an Chomhairle cinntiú go gcloítear le hAirteagal 6 i dtreoir na ngnáthóg nuair a bhíonn tograí forbartha á meas.

# Tamhnach an tSalainn

| | |
|---|---|
| **Baile** | **Tamhnach an tSalainn** |
| **Aicme** | **3** |
| **Cur Síos sa Chuntas ar Aicmí Bailte** | **Bailte agus Sráidbhailte Tréana** |
| **Uimhir Thagartha na léarscáile** | **16** |

## Comhthéacs

Sráidbhaile seanbhunaithe go maith atá i dTamhnach an tSalainn atá suite amach ó sheachbhóthar an N56. Tá sé suite i ngar do chuan sciamhach agus soir ó dheas ón mbaile tá na seantailte coille a bhaineadh le teach mór agus eastát. Tá forás seasmhach tagtha ar an tsráidbhaile ó thaobh forbartha tithíochta ón mbliain 2000 i leith chomh maith le tithe sraithe i lár an tsráidbhaile agus tithíocht ar ísealdlús le himeall an bhaile. Tá croílár fada sínte an tsráidbhaile, bunaithe ar an bPríomhshráid, ann le fada agus tá réimse maith seirbhísí agus áiseanna ar fáil ansin.

## Deiseanna agus ceisteanna eile

Tá ról tábhachtach leis an Sráidbhaile maidir le réimse feidhmeanna áitiúla a chur ar fáil don daonra atá bunaithe ann agus don chúlchríoch tuaithe ina thimpeall. Is furasta a dhéanfaí freastal d'fhorás breise ar an daonra sa sráidbhaile ar láithreacha líonadh talún agus ar phaistí beaga talún chomh maith le roinnt tograí forbartha tithíochta a fágadh gan críochnú agus aonaid eile a bhfuil cead pleanála tugtha ina leith. Ní mheastar go mbeidh gá le haon chriosú maidir le hárais cónaithe ar réimse suntasach talún i rith ré an phlean. Tá deiseanna ann maidir le suíomhanna tréigthe a chur ar ais in úsáid agus beidh maolú ar an tréigean ina ceist thábhachtach i rith ré an phlean ó tá roinnt de na hárais is sine, go mór mór leis an bPríomhshráid, i gcaoi dhona go leor. I bhfianaise an ról tábhachtach atá leis an mbaile ar an leibhéal áitiúil, is den bhuntábhacht é go gcoinneofaí feidhmeanna agus seirbhísí ar bun.

Tarraingítear aird ar roinnt nithe mórthábhachta eile anseo síos ach níl i gceist gur liosta ilchuimsitheach atá ann ó thaobh eolais, ábhar srianta ná ábhar deise:

- Tá 3 cinn de struchtúir ar Thaifead na Struchtúr faoi Chosaint 40909906, 40909905 agus 40909912
- Tá 5 fhoirgneamh atá ar Dhréacht d'Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta suite taobh istigh de lár an bhaile.
- Tá Limistéar Caomhantais Speisialta (9999 Bá Dhún na nGall limistéir ainmnithe maidir le hiasc sliogáin), Limistéar faoi Chosaint Speisialta (004151 Bá Dhún na nGall) agus Limistéar Oidhreachta Náisiúnta (000133 Bá Dhún na nGall) ó dheas den sráidbhaile.
- Tá easpa infreastruchtúir i gceist maidir le cóireáil dramhuisce (ní foláir cur leis an acmhainn cóireála san ionad cóireála dramhuisce).
- Tá Tamhnach an tSalainn suite taobh istigh de Limistéar Abhantraigh Inmheánach an Iarthuaiscirt agus tá stádas cáilíocht uisce mar seo a leanas ann:
  - Stádas Dobharlaigh Abhann atá "Go maith"
  - Cáilíocht abhann atá "Go maith"
  - Stádas Dobharlaigh Locha atá "Go maith"

- Tá seanbhóthar iarainn ag rith soir ó dheas ón sráidbhaile

## Beartas

Breithneofar tograí forbartha gcomhthéacs gach beartas bainteach atá taobh istigh den phlean forbartha chomh maith le gach breithniú ábhartha pleanála i gcomhthéacs pheanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair, agus ainmnithe beartais ábharach Réigiúnach agus Náisiúnta.

# Bun an Phobail

| | |
|---|---|
| **Baile** | **Bun an Phobail** |
| **Aicme** | **3** |
| **Cur Síos sa Chuntas ar Aicmí Bailte** | **Bailte agus Sráidbhailte Tréana** |
| **Uimhir Thagartha na léarscáile** | **17** |

## Comhthéacs

Feidhmíonn Bun an Phobail mar bhaile ann féin agus is ionad seirbhíse straitéiseach tábhachtach atá ann i dtuaisceart agus oirthear Inis Eoghain. Tá daonra 1,427 (LOS 2006) sa bhaile, ísliú 2.6% ón mbliain 2002 i leith. Tá bunscoil, ionad sláinte agus réimse iléagsúil seribhísí miondíolacháin agus a seirbhísí gairmiúla ann. Tá oidhreacht fhoirgníochta agus oidhreacht na mara ag baint go tréan leis an mbaile agus radharcanna iontacha ar Loch Feabhail as Páirc Montgomery. Tá Bun an Phobail ainmnithe mar Bhaile Oidhreachta faoi scéim na mBailte Oidhreachta.

## Deiseanna agus ceisteanna eile

Tá lánúsáid á bhaint faoi láthair as an infreastruchtúr uisce agus dramhuisce agus cuireann sin srian ar aon fhorás breise a d'fhéadfadh tarlú. Táthar amach go maith san obair ar thogra chun Ionad Cóireála Dramhuisce nua a thabhairt chun cinn do Bhun an Phobail agus don Chaisleán Nua, ionas go mbeadh cóireáil thánaisteach agus cóireáil threasach á dhéanamh de réir mar a oireann. Tabharfar dearadh ar an ionad i ndáil le tréimhse 20 bliain agus beidh craobhchóras séarachais agus ceithre cinn de stáisiúin pumpála i gceist leis an scéim chomh maith leis na píobáin sceite do chásanna éigeandála a théann leis.

Tarraingítear aird ar roinnt nithe mórthábhachta eile anseo thíos ach níl i gceist gur liosta ilchuimsitheach seo ó thaobh eolais, ábhar srianta ná ábhar deise:

- Táthar ag plé le roinnt iarratas ar chead pleanála faoi láthair a mbeadh 50 aonad tithíochta nua sa bhreis ag baint leo. Chomh maith leis sin, is cosúil go bhfuil 52 aonad folamh ar an mbaile.
- Is Limistéar faoi Chosaint Speisialta Loch Feabhail.
- Luaitear sa Phlean Bainistíochta maidir le hAbhantrach go bhfuil stádas an uisce i ndobharlach abhann ag Abhainn na Bréadcha "go dona".
- I measc na bhfadhbanna eile, tá eastáit gan críochnú agus leibhéil arda aonad gan áitriú istigh i lár an bhaile.
- Tá trí fhoirgneamh ar an mbaile (Eaglais San Pius X, Eaglais Naomh Colm Cille agus Teach Carnagarve) a luaitear ar Thaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint agus cúig fhoirgneamh a luaitear ar Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta.
- Tá 3 séadchomhartha taifeadta laistigh de chríoch lár an bhaile, eadhon tobar beannaithe (DG022-007), droichead (DG021-009) agus leac croise (DG021-011).
- Tá Ionad Sláinte ar an mbaile agus Bunscoil ar a bhfreastalaíonn 40 dalta.

### Coibhéis Áitritheora (CA) maidir le Bun an Phobail agus an Caisleán Nua

| | BLIAIN | | |
|---|---|---|---|
| **TYPE** | **2006** | **2031** | **2056** |
| Cónaí | 2,919 | 5,820 | 7,463 |
| Tionsclaíocht | 349 | 908 | 1,466 |
| Tráchtáil agus Turasóireacht | 1,141 | 1,750 | 2,358 |
| Institiúid | 179 | 323 | 414 |
| Coibhéis Áitritheora | 4,588 | 8,800 | 11,701 |

Déanfar soláthar do leathnú ar an ionad, dá mba ghá sin, chun freastal ar mhéadú an ualaigh seachas mar atá á thuar. Tabharfar dearadh de réir ré 50 bliain ar an gcraobhchóras séarachais agus beidh sin á leagan amach i ndáil le 6,700CA maidir le Bun an Phobail agus 5,000CA maidir leis an gCaisleán Nua.

## Beartas

Breithneofar tograí forbartha gcomhthéacs gach beartas bainteach atá taobh istigh den phlean forbartha chomh maith le gach breithniú ábhartha pleanála i gcomhthéacs pheanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair, agus ainmnithe beartais ábharach Réigiúnach agus Náisiúnta. Anuas air sin, beidh feidhm leis na beartais shonracha seo a leanas chomh maith:

1. Tá tuairim is aon Heicteár amháin sonraithe ag an gComhairle maidir le húsáid Chónaithe i rith thréimhse an Phlean.
2. Tá de bheartas ag an Chomhairle Limistéar Caomhantais Ailtireachta a ainmniú laistigh de bhaile Bhun an Phobail.
3. Tá de bheartas ag an Chomhairle oidhreacht thógtha agus seandálaíochta agus carachtar saintréithe Bhun an Phobail a chosaint.
4. Tá de bheartas ag an Chomhairle cosaint teorainneacha agus troscán sráide a mbaineann luach oidhreachta leo agus a chuireann le sráid-dreacha agus carachtar Bhun an Phobail a lorg.

# Magh

| | |
|---|---|
| **Baile** | **Magh** |
| **Aicme** | **3** |
| **Cur Síos sa Chuntas ar Aicmí Bailte** | **Bailte agus Sráidbhailte Tréana** |
| **Uimhir Thagartha na léarscáile** | **18** |

## Comhthéacs

Tá Magh buailte ar an teorainn le Tuaisceart Éireann agus, dá bhrí sin, tháinig forás suntasach ar an mbaile maidir le forbairt tithíochta ón mbliain 2000 i leith mar gheall ar thionchar na cathrach i nDoire agus an t-éileamh ar thithíocht atá dá bharr sin sa réimse atá i bhfoisceacht turas chun oibre de Dhoire. Is léiriú ar chuid de sin an forás 23% ar an daonra de réir na LOS i rith na tréimhse 2002-2006. Tá forbairt mhaith tagtha ar an mbaile agus sin go breá dlúth. Tá réimse maith seirbhísí agus áiseanna ar an mbaile agus limistéar príomhshráide sonrach.

## Deiseanna agus ceisteanna eile

Tá ról tábhachtach leis an mbaile maidir le réimse feidhmeanna áitiúla a chur ar fáil don daonra atá bunaithe ann agus, ina fhianaise sin, tá deiseanna ann treisiú lena gcuirtear ar fáil mar is léir ó roinnt tograí forbartha pobail agus tráchtála a bhfuil cead pleanála tugtha ina leith. Anuas air sin, tá deiseanna ann soláthar a dhéanamh d'fhorás breise ar an daonra trí aonaid chónaithe a bhfuil cead pleanála tugtha ina leith cheana féin, líon atá isteach is amach le 40 aonad. Chomh maith leis sin, agus i bhfianaise ról tábhachtach a bheith leis an mbaile ar an leibhéal áitiúil, tá criosú úsáid talaimh 'suíomh Deise' aitheanta ar thailte taobh ó thuaidh de chreatlach an bhaile. Tugann criosú tailte mar 'Shuíomh Deise' creat beartais urrúnta le breithniú a éascú ar thograí forbartha cuí ar na tailte i gceist seachas srianta ar úsáid talaimh faoi leith. Aithníonn an cur chuige seo méid na forbartha sa bhaile mhór le deich mbliana anuas agus aithníonn sé go bhfuil breithniú ar réimse úsáidí seachas srianú go húsáid áirithe amháin, chun sochair don cheantar.

Tarraingítear aird ar roinnt nithe mórthábhachta eile anseo síos ach níl i gceist gur liosta ilchuimsitheach atá ann ó thaobh eolais, ábhar srianta ná ábhar deise:

- Limistéar Caomhantais Speisialta Loch Feabhail (004087)
- Tá struchtúr 40903905 ar Thaifead na Struchtúr faoi Chosaint suite gar do réimse an bhaile.
- Tá pointe tuilte sonraithe.
- Níl aon bhac inaitheanta a eascraíonn ó Phlean Bainistíochta Abhantraigh Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt.
- Tá scéim chun cur le hacmhainn an chóras soláthair uisce luaite le Togra Feabhsúcháin an Chórais Dramhuisce 2010- 2012.

## Beartas

Breithneofar tograí forbartha gcomhthéacs gach beartas bainteach atá taobh istigh den phlean forbartha chomh maith le gach breithniú ábhartha pleanála i gcomhthéacs pheanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair, agus ainmnithe beartais ábharach Réigiúnach agus Náisiúnta. Anuas air sin, beidh feidhm leis na beartais shonracha seo a leanas chomh maith:

1. Tá de bheartas ag an Chomhairle tograí cuí a bhreithniú ar an talamh atá criosaithe mar 'Shuíomh Deise' faoi réir comhoiriúnachta le húsáidí talaimh tadhlacha agus i gcomhthéacs gach breithniú pleanála ábharach eile agus beartais bhainteacha an phlean.

# An Baile Nua

| | |
|---|---|
| **Baile** | **An Baile Nua** |
| **Aicme** | **3** |
| **Cur Síos sa Chuntas ar Aicmí Bailte** | **Bailte agus Sráidbhailte Tréana** |
| **Uimhir Thagartha na léarscáile** | **19** |

## Comhthéacs

Baile beag atá sa Bhaile Nua a bhfuil daonra 999 ann (Daonáireamh 2006) agus é suite i gcúlchríoch tuaithe sa cheann ó dheas de Leithinis Inis Eoghain. Tá an baile in ionad straitéiseach trasna Phríomhbhealach Náisiúnta an N13 idir Doire agus Leitir Ceanainn ag pointe atá beagnach leath bealaigh díreach idir an dá ionad uirbeach sin. Is mar bhaile dórtúir taobh amuigh de Dhoire a fheidhmíonn an Baile Nua den chuid is mó agus áiseanna miondíolacháin agus tráchtála ar scála áitiúil ann. Tá bunscoil agus ionad cúram sláinte ar an mbaile chomh maith.

Le deich mbliana anuas, tháinig borradh agus forás mór faoi árais chónaithe agus faoin daonra sa Bhaile Nua nuair a tógadh roinnt eastát cónaithe agus le hardú 50% ó 663 go dtí 999 ar an daonra idir an bhliain 2002 agus an bhliain 2006 (Foinse: Daonáireamh 2002 agus Daonáireamh 2006, LOS). Chomh maith leis an 490 aonad cónaithe atá ar an mbaile cheana féin, tá cead tugtha maidir le 293 aonad cónaithe eile nár tógadh go fóill. Dá ndéanfaí na haonaid chónaithe sin a thógáil agus cónaí a bheith iontu ar ráta 2.87 duine in aghaidh an árais, chuirfeadh sin ardú 842 duine ar an daonra.

Forbairt ar dhlús íseal i bhfoirm líne an nós traidisiúna ar an mBaile Nua agus is iondúil gur síos suas an phríomhshráid a rinneadh an fhorbairt. Ina ainneoin sin, le blianta beaga anuas, tá forbairt nua ar árais chónaithe déanta ingearach leis an bPríomhshráid agus sin tagtha le chéile mar dhá chloigín forbartha, neamhspleách go mór ar a chéile, ar an gceann thiar agus ar an gceann thoir den bhaile, gan mórán forbartha tráchtála i gceachtar den dá réimse. Ina fhianaise sin, níl dreach tréan sráide le sonrú ar an mbaile ná aon lárionad suntasach amháin.

Ó thaobh infreastruchtúir de, is iad Príomhbhealach Náisiúnta an N13 agus bóithre contae an L-2051-1 is mó a dhéanann freastal ar an mbaile. Is in ionad cóireála dramhuisce bardasach atá suite ó thuaidh de phríomhbhealach náisiúnta an N14 a dhéantar an Chóireáil ar Dhramhuisce. Níl an acmhainn cóireála san ionad cóireála sin dóthaineach faoi láthair chun freastal don Ualach Coibhéise Áitritheora measta de 1400 duine agus níl aon phlean faoi láthair ann ná ciste curtha de leataobh chun feabhas a chur ar an ionad. Is ó Thaiscumar Dhamba Fullerton ar an bPollán a thagann an soláthar uisce don bhaile.

## Deiseanna agus ceisteanna eile

I bhfianaise na bpátrún forbartha thuasluaite agus leibhéal ginearálta an tsoláthair maidir le cúrsaí infreastruchtúir, tá roinnt ceisteanna agus deiseanna forbartha le sonrú:

- Spás uirbeach ardchaighdeáin a chruthú i gcroílár an bhaile.
- Treisiú le cuma na foirgníochta, éadanas sainiúil sráide a chruthú leis an bpríomhshráid trí theorainn bhaile cúng a leagan síos agus tús áite a thabhairt dá réir sin don athfhorbairt ar shuíomhanna atá tréigthe, folamh nó gan mórán úsáide á bhaint astu chun tosaigh ar shuíomhanna imeallacha úrnua, trí dhíriú ar fhorbairt nua miondíolacháin le lárionad sonrach, agus critéir shonracha maidir le dearadh a chur i bhfeidhm i ndáil le forbairt nua.

- Feabhas a chur ar chúrsaí áisiúlachta trí chuma chúng uirbeach a chruthú agus forbairt áras cónaithe a lonnú i bhfoisceacht siúlóide de na seirbhísí buntábhachtacha miondíolacháin, tráchtála agus pobail agus *vice versa*.

- Caighdeán an uisce a choinneáil go maith agus a fheabhsú trína chinntiú go bhfuil acmhainn cóireála dóthaineach maidir le hábhar eisilteach ar fáil in ionad bardasach chun freastal a dhéanamh i gcás forbairt nua a theacht chun cinn agus acmhainn breise cóireála a chur ar fáil chun freastal ar an bhforbairt atá ann cheana féin agus ar an bhforbairt a bhfuil cead pleanála tugtha ina leith.
- Caighdeán an uisce a choinneáil go maith agus a fheabhsú trína chinntiú go bhfuil acmhainn cóireála dóthaineach maidir le hábhar eisilteach ar fáil in ionad bardasach chun freastal a dhéanamh i gcás forbairt nua a theacht chun cinn agus acmhainn breise cóireála a chur ar fáil chun freastal ar an bhforbairt atá ann cheana féin agus ar an bhforbairt a bhfuil cead pleanála tugtha ina leith.

- Réimsí taitneamhachta timpeallachta agus radharcanna a chosaint trí sholáthar do spásanna oscailte/fóillíochta tábhachtacha a choinneáil.

- Cinntiú nach gcuireann forbairt nua isteach ar thailte atá íogair ó thaobh na timpeallachta de ná ar ghnáthóga.

## Beartas:

Breithneofar tograí forbartha i gcomhthéacs gach beartas bainteach atá taobh istigh den phlean forbartha chomh maith le gach breithniú ábhartha pleanála i gcomhthéacs pheanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair, agus treorach beartais ábharach Réigiúnach agus Náisiúnta. Anuas air sin, beidh feidhm leis na beartais shonracha seo a leanas chomh maith:

1. Tiocfaidh forbairt ghinearálta lár baile de chineál úsáide measctha mar gheall ar Shuíomhanna Deise i Lár an Bhaile a fhorbairt agus na gnéithe seo a leanas san áireamh:
   - Cearnóg uirbeach le dlús ard (nó spás uirbeach den chineál céanna), a osclaíonn amach ar an phríomhshráid ach atá leagtha amach ina dhiaidh sin féin ionas go n-airítear gur clós atá ann agus chun éadanas saintréitheach sráide a chur ar fáil.
   - Spás uirbeach lárnach le troscán sráide ann agus garraíodóireacht phictiúrtha déanta air.
   - Éadanas gnóthach miondíolacháin le cuid mhór d'éadanas stór na sráide leis an gcearnóg
   - Aonaid cónaithe i bhfoirm árasán os cionn aonaid miondíolacháin nó áitribh sraithe.
   - Bealach isteach ag feithiclí agus coisithe chuig na tailte ó dheas de Shuíomh Deise A i Lár an Bhaile.

2. Ní thabharfar cead maidir le tograí forbartha ach amháin sa chás gurb é tuairim an Údaráis Phleanála nach gcuirfí isteach ar Limistéar Caomhantais Speisialta Loch Súilí (Cód Suímh 002287), Limistéar faoi Chosaint Speisialta Loch Súilí (Cód Suímh: 004075), ná ar an Limistéar Oidhreachta Náisiúnta in aice láimhe.

# Ráth Mealtain

| Baile | Ráth Mealtain |
|---|---|
| Aicme | 3 |
| Cur Síos sa Chuntas ar Aicmí Bailte | Bailte agus Sráidbhailte Tréana |
| Uimhir Thagartha na léarscáile | 20 |

## Comhthéacs

Is baile stairiúil Ráth Mealtain ar mór i gceist an fiúntas leis ó thaobh oidhreachta, ailtireachta agus seandálaíochta, agus d'ainmnigh Comhairle Chontae Dhún na nGall ina 'Bhaile Oidhreachta' é i mí Meán Fómhair 2000. Bunaíodh Ráth Mealtain mar bhaile i dtús an seachtú aois déag ar shuíomh Chaisleán Uí Dónaill agus ba calafort tábhachtach a bhí ann, suite san áit a dtéann an Leanainn isteach i Loch Súilí. Ba baile rachmasach Ráth Mealtain i rith an ochtú aois déag agus tús an naoú aois déag agus ba lena linn sin a tógadh an chuid is mó de na foirgnimh a bhfuil gné suntasach ailtireacht ré Sheoirse ag baint leo. Lean Ráth Mealtain mar ionad rialachais Chontae Dhún na nGall go dtí deireadh an naoú aois déag.

## Deiseanna agus ceisteanna eile

Is baile bríomhar Ráth Mealtain ina ndéantar freastal ar réimse tuaithe cúltíre níos fairsinge agus tá réimse leathan seirbhísí, feidhmeanna agus áiseanna ar fáil ann. Fágann an timpeallacht foirgníochta ardchaighdeáin agus suíomh nádúrtha Ráth Mealtain, chomh maith leis an oidhreacht staire agus seandálaíochta, go mbeadh seans láidir foráis ag an mbaile taobh istigh d'earnáil na turasóireachta. Tá ról tréan iléagsúil leis an mbaile agus ina fhianaise sin tá criosú maidir le húsáid talún ar mhaithe le cónaí sonraithe i nDeisceart an bhaile. Anuas air sin, tá cead pleanála tugtha i ndáil le 56 aonad cónaithe.

Tarraingítear aird ar roinnt nithe mórthábhachta eile anseo síos ach níl i gceist gur liosta ilchuimsitheach atá ann ó thaobh eolais, ábhar srianta ná ábhar deise:

- Tá 30 struchtúr i Ráth Mealtain atá ar Thaifead na Struchtúr faoi Chosaint, is iad sin, Droichead Ráth Mealtain (40800206), Cloch Mhíle (40800509), Seanteach Fíodóireachta (40800014), 'The Green' teach dhá stór (40800305), 'The Manse' (40800503), Eaglais na gCéad-Phreispitéireach i Ráth Mealtain (40800504), Seanmhuileann Arbhair (40800422), Muileann (40800506), Teach Stórála Scoite Ceithre Stór (40800410), 'Cooleen House' (40800418), 3 cinn d'fhoirgnimh Cloiche Spallaí (40800510), Teach Cúinne ó ré na Plandála (40800508), 'House on the Brea' (40800401), Teach 2 stór ag Ceann Sraithe (40800413), Teach Stórála (an 7ú ceann ó cheann na sráide) (40800411), Teach Stórála (an 7ú ceann ó cheann na sráide) 40800412; A. Gamble & Co Teach 2 stor (40800423), 'Teach an Éisc' (40800203), Teach Sraithe 3 bhá, 3 stór ón Ré Seoirseach (40800204), Seanteach Sraithe 3 bhá, 2 stór (40800202), Dhá Theach Sraithe 2 bhá, 3 stór (40800215), Stáisiún na nGardaí (40800213), Teach Ceann Sraithe (40800212), Eaglais Mhodhach (400800403), Dhá Theach Sraithe (40800420), Áras Cúinne (40800402), Eaglais Naoh Muire (40800304), Seanséipéal (40800421), an Banc Éireannach Náisiúnta (40800403) agus Teach Stórála (40800214).

- Tá 5 cinn de Shéadchomharthaí seandálaíochta taifeadta suite taobh istigh de theorainneacha an bhaile nó i ngar dó, eadhon Dealbh Cloiche (DG046-005003), Reilig (DG046-005006), Bábhún (DG046-005007-00500) agus Caisleán (DG046-005). Tá crios

cosanta freisin sin, réimse 28 acra taobh istigh de lár an bhaile, ar dócha ábhar Seandálaíochta le fáil ann.

- Tá 42 foirgneamh atá ar Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta suite taobh istigh de theorainneacha Ráth Mealtain.
- Tá suíomhanna Natura 2000 leis an abhainn agus leis an inbhear taobh istigh de theorainneacha an bhaile (Limistéar Chaomhantais Speisialta Loch Súilí, 002287 agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta Loch Súilí, 004075). Tá Limistéar Oidhreachta Náisiúnta beartaithe Loch Fearna (001162) suite taobh istigh de theorainneacha an bhaile chomh maith.
- Tá stádas maith sonraithe i ndáil leis an dobharlach abhann sa Phlean Bainistíochta Abhantraigh don Iarthuaisceart (2009-2015), agus tá an t-inbhear in aice láimhe taobh istigh den Limistéar Sliogéisc Loch Súilí (uimh.28) mar atá sin sonraithe
- Tá tábhacht le cóireáil dramhuisce i ndáil le forás san am atá ag teacht.
- Tá baol ó thuillte i gceantar na céibhe le linn taoillí arda.

## Beartas

Breithneofar tograí forbartha gcomhthéacs gach beartas bainteach atá taobh istigh den phlean forbartha chomh maith le gach breithniú ábhartha pleanála i gcomhthéacs pheanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair, agus ainmnithe beartais ábharach Réigiúnach agus Náisiúnta. Anuas air sin, beidh feidhm leis na beartais shonracha seo a leanas chomh maith:

1. Tograí ar bith ar thailte a shainítear a bheith i gcrios cónaithe, ní mór dlús timpeall 15 aonad in aghaidh an heicteáir á léiriú ina leith.
2. Tá de bheartas ag an Chomhairle Limistéir Caomhnúcháin Ailtireachta a ainmniú taobh istigh de bhaile Ráth Mealtain.
3. Tá de bheartas ag an Chomhairle an oidhreacht foirgníochta agus ailtireachta i Ráth Mealtain a chosaint chomh maith le tréithríocht na háite.
4. Tá de bheartas ag an Chomhairle crainn shuntasacha agus clampaí suntasacha atá ag fás faoi láthair taobh istigh de theorainneacha an bhaile a choinneáil agus a chosaint.
5. Tá de bheartas ag an Chomhairle féachaint leis na teorainneacha agus an troscán sráide a bhfuil fiúntas oidhreachta leo agus a chuireann le dreach na sráide agus le tréithe an bhaile a chosaint.

# Ráth Bhoth

| Baile | Ráth Bhoth |
|---|---|
| Aicme | 3 |
| Cur Síos sa Chuntas ar Aicmí Bailte | Bailte agus Sráidbhailte Tréana |
| Uimhir Thagartha na léarscáile | 21 |

## Comhthéacs

Is baile margaidh a bhfuil borradh faoi atá in Ráth Bhoth a bhfuil tábhacht leis ó thaobh cúrsaí oidhreachta, ailtireachta agus seandálaíochta agus d'ainmnigh Comhairle Chontae Dhún na nGall ina 'Bhaile Oidhreachta' é i mí Meán Fómhair 2000. Baile den chineál sainiúil sin a bhain le plandáil Uladh atá in Ráth Bhoth, bunaithe thart ar leagan amach an mhuileata agus tá tréithe faoi leith ag baint leis an ailtireacht agus le dreach na sráide ann. Tá pálás an Easbaig a tógadh i rith an séú céad déag luaite ar Thaifead na Struchtúr faoi Chosaint (40800705), agus cé go bhfuil an foirgneamh mórsuntais sin suite díreach taobh amuigh de theorainn an chreatchórais bailte, is cuid dílis de shainiúlachta an bhaile an pálás agus na tailte a ghabhann leis.

Tógadh baile mór ré na plandála ar an láthair chéanna le baile a chuaigh roimhe; bhunaigh Naomh Colm Cille agus Naomh Adhamhnán eaglaisí anseo sa chúigiú aois agus sa séú aois. Tá sé cinn de shuíomhanna seandálaíochta ar taifead taobh istigh de theorainn an bhaile, ina measc réimse fairising a ndeimhnítear gur 'coimpléasc seandálaíochta' atá ann atá sa chuid thoir de lár an bhaile.

## Deiseanna agus ceisteanna eile

Baile margaidh gnóthach atá in Ráth Bhoth a dhéanann freastal ar chúlchríoch fairsing tuaithe agus tá réimse leathan seirbhísí, áiseanna agus feidhmeanna ar fáil ann, ina measc bainc, scoileanna, coláiste talmhaíochta agus aonach beostoic gach seachtain sa mharglann. Tá ról tréan iléagsúil leis an mbaile, agus ina fhianaise sin, tá criosú i bhfabhar úsáid talún le haghaidh tithíocht chónaithe sonraithe do thailte soir ón mbaile atá i ngar don lár agus do réimsí cónaí seanbhunaithe. Anuas air sin, tá soláthar 86 aonad cónaithe ceadaithe atá gan tógáil go fóill ar fáil cheana féin.

Tá deacracht maidir le tuillte le fada i Ráth Bhoth agus bhí sé faoi thuillte arís agus arís eile le 30 bliain anuas, sa bhliain 2006 agus sa bhliain 2007 go deireadh. Tá trí cinn de phointí tuillte sonraithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí ar an léarscáil.

Tarraingítear aird ar roinnt nithe mórthábhachta eile anseo síos ach níl i gceist gur liosta ilchuimsitheach atá ann ó thaobh eolais, ábhar srianta ná ábhar deise:

- Tá 12 struchtúr atá ar Thaifead na Struchtúr faoi Chosaint suite taobh istigh de theorainneacha an bhaile, is iad sin, Ardeaglais Naomh Adhamhnáin (40800701), an tSean-Eaglais Phreisbitéireach (40800702), an tSeanscoil Ríoga (40800704), teach ceann sraithe ón 18ú Aois (40800708), teach lár sraithe ón 18ú Aois (40800709), teach ceann sraithe ó dheireadh an 18ú Aois (40800710), teach ceann sraithe ón 19ú Aois (40800711), teach lár sraithe ón 19ú Aois (40800712), an t-óstán láir ón 18ú Aois (40800713), teach 'Volt' ag ceann sraithe ón 18ú Aois (40800714) Eaglais Phreispitéireach Ráth Bhoth (40800716) agus Séipéal Caitliceach Naomh Adhamhnáin (40800717)

- Tá 6 cinn de Shéadchomharthaí seandálaíochta taifeadta suite taobh istigh de theorainneacha an bhaile nó i ngar dó, eadhon coimpléasc seandálaíocht d'iarsmaí seandálaíochta (DG70003), suíomh galláin (DG070001), Séipéal agus Reilig (DG07000301),

dealbh cloiche (DG07000302) agus suíomh le clogtheach (DG07000304) agus Pálás an Easbaig (DG07000303).

- Tá 18 foirgneamh atá ar Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta suite taobh istigh de theorainneacha Ráth Bhoth.
- Tá drochstádas agus stádas íseal sonraithe i ndáil leis an dobharlach abhann sa Phlean Bainistíochta Abhantraigh don Iarthuaisceart (2009-2015)
- Tá tábhacht le cóireáil dramhuisce i ndáil le forás san am atá ag teacht.

## Beartas

Breithneofar tograí forbartha gcomhthéacs gach beartas bainteach atá taobh istigh den phlean forbartha chomh maith le gach breithniú ábhartha pleanála i gcomhthéacs pheanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair, agus ainmnithe beartais ábharach Réigiúnach agus Náisiúnta. Anuas air sin, beidh feidhm leis na beartais shonracha seo a leanas chomh maith:

1. Tograí ar bith ar thailte a shainítear a bheith i gcrios cónaithe, ní mór dlús timpeall 15 aonad in aghaidh an heicteáir á léiriú ina Leith
2. Tá de bheartas ag an Chomhairle Limistéir Caomhnúcháin Ailtireachta a ainmniú taobh istigh de bhaile Ráth Bhoth i rith ré feidhme an Phlean Forbartha seo.
3. Tá de bheartas ag an Chomhairle oidhreacht thógtha agus seandálaíochta chomh maith le carachtar saintréithe Ráth Bhoth a chosaint.
4. Tá de bheartas ag an Chomhairle cosaint teorainneacha agus troscán sráide a mbaineann luach oidhreachta leo agus a chuireann le sráid-dreacha agus carachtar Ráth Bhoth a lorg.